Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2026



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# PLEAN SEACHADTA SEIRBHÍSE BLIANTÚIL 2026



# Clár an Ábhair


**Réamhrá** 4

**Dualgas na hEarnála Poiblí** 5

**Tithíocht** 6

Réimse Fócais: **Tithíochta** 7

**Cultúir, Pobail, Fóillíochta agus Seirbhísí Ceantair** 16

Réimse Fócais: **Comharsanachtaí agus Pobail** 17

**Forbairt Phleanála, Réadmhaoine agus Eacnamaíoch** 26

Réimse Fócais: **Fás Eacnamaíoch agus Athghiniúint Uirbeach** 27

**Iompar agus Fearann Poiblí** 37

Réimse Fócais: **Soghluaisteacht agus Fearann Phoiblí** 38

**Aeráid agus Acmhainneacht Uirbeach** 47

Réimse Fócais: **Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Athléimneacht Uirbeach** 48

**Sprioc Chumasúcháin Traseagraíochta** 56

**Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Córais Faisnéise agus Claochlú** 59

Réimse Fócais: **Ár nDaoine agus Ár mBealaí Oibre** 60

**An Príomhfheidhmeannach agus Dlí** 65

Réimse Fócais: **Ceannaireacht Dhaonlathach** 66

**Airgeadas** 69

Réimse Fócais: **Bonn Airgeadais** 70






# Réamhrá

Ullmhaíodh Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2026 de réir Alt 134A d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú.

Tacaíonn an Plean, ar bhonn bliantúil, le Fís, Spriocanna agus Cuspóirí Straitéiseacha Phlean Corparáideach 2025-2029 na Comhairle Cathrach a sheachadadh. Tá sé nasctha go díreach leis an bPlean Corparáideach agus le struchtúr eagrúcháin na Comhairle Cathrach, na Coistí um Beartais Straitéiseacha agus an Buiséad Ioncaim ar Glacadh leis in 2026.

Leagtar amach ann Príomhthosaíochtaí Seirbhíse sonracha, mar aon le Príomhchuspóirí Seirbhíse agus sraith Beart Feidhmíochta Seirbhíse, lena n-áirítear spriocanna más cuí. Beidh Cairteacha Foirne do bhaill foirne ar fud na heagraíochta in úsáid chun cláir oibre, cuspóirí agus bearta feidhmíochta ar leibhéal gníomhaíochtaí a bhunú ar na tosaíochtaí seirbhíse.

Cuirfear tuarascáil ar dhul chun cinn ar na Príomhsheirbhísí Tosaíochta san áireamh i dTuarascáil Bhainistíochta Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh. Tuairisceofar dul chun cinn agus gnóthachtáil i gcomparáid le Bearta Feidhmíochta na Seirbhíse don Chomhairle Cathrach faoi dhó sa bhliain agus beidh eolas le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach. Beidh Tuarascáil dheireadh na bliana ar Dhul Chun Cinn maidir leis an bPlean Corparáideach san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle Cathrach.



# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Is oibleagáid dhlíthiúil ar gach comhlacht poiblí é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ar a dtugtar 'Dualgas na hEarnála Poiblí', agus foráiltear dó sa reachtaíocht faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Ceanglaíonn sé ar chomhlacht poiblí, fad is atá feidhmeanna laethúla á gcomhlíonadh, an t-idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus cearta an duine atá ag a fhoireann agus ag a Chomhaltaí Tofa dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Is oibleagáid dhearfach í Dualgas na hEarnála Poiblí a chuidíonn le heagraíochtaí comhionannas agus cearta an duine a leabú ina bpríomhoibríochtaí agus ina bpróisis chinnteoireachta. Cuidíonn sé freisin le léiriú agus neartú a dhéanamh ar thiomantas na heagraíochta do luachanna comhionannais agus chearta an duine. Éilíonn sé ar eagraíochtaí **measúnú** a dhéanamh ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhaineann lena ngníomhaíochtaí, gníomhartha iomchuí a dhéanamh chun **aghaidh a thabhairt** orthu, agus **tuairisciú** a dhéanamh gach bliain ar dhul chun cinn agus ar éachtaí. Cuidíonn an próiseas seo lena chinntiú go ndéantar cur chuige atá bunaithe ar chomhionannas agus ar chearta an duine a chomhtháthú san obair laethúil.

Leagtar amach sa Phlean Seachadta Seirbhíse seo tosaíochtaí agus táscairí feidhmíochta Dhualgas na hEarnála Poiblí ar leibhéal na roinne do 2026. Áirítear leis gealltanas aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a mbíonn tionchar acu ar na grúpaí a shainaithnítear faoin Dualgas. Bainfear é seo amach trí theimpléad Measúnaithe Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine (EHRIA) a chomhlánú le haghaidh beartais, straitéisí, pleananna agus clár nua nó atá ansin cheana féin, nó trí athbhreithniú comhionannais a dhéanamh ar sheirbhísí ábhartha.



# Tithíochta

# Tithíochta

## Réimse Fócais: **Tithíochta**

### Sprioc:

***Tithe sóisialta agus inacmhainne inrochtana, sábháilte agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil a mbeidh daoine atá ina gcónaí iontu bródúil astu agus a chothaíonn agus a thacaíonn le pobail chónaithe bhríomhara atá comhtháite sa chathair.***



## Príomhréimsí Seirbhíse agus Cuspóirí Straitéiseacha:

- Dlús a chur leis an soláthar tithe ar ardchaighdeán agus inacmhainne a thacaíonn le riachtanais éagsúla ár ndaonra atá ag fás agus an soláthar sin a mhéadú
- Easpa dídine a laghdú agus a chinntiú go gcuirtear cóiríocht agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil do dhaoine atá ag déileáil le heaspa dídine nó i mbaol easpa dídine
- Ár dtithe a chothabháil agus a bhainistiú chun cabhrú le pobail ionchuimsitheacha a chothú a mbeidh daoine bródúil as a bheith ina gcónaí iontu

## Príomhthosaíochtaí Seirbhíse i gcomhair 2026:

### Soláthar agus Seachadadh Tithíochta

- Dul chun cinn maidir le tithe sóisialta agus inacmhainne nua a sheachadadh, lena n-áirítear tithe ceannaigh agus tithe ar cíos de réir costais, ar thalamh atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Tithíochta nua an Aire (RTRÁO) agus na bearta nua a aithint a chaithfear a thabhairt isteach chun freastal ar riachtanais nua
- Bainistigh ról Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i seachadadh tithíochta sóisialta agus cíosa de réir costais an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta (CCT) sa Chathair
- Oibrigh leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) chun seachadadh na seacht dtionscadal tithíochta ar thalamh faoi úinéireacht CCBÁC a chur chun cinn
- Rialachas inmheánach láidir a fhorbairt le haghaidh seachadadh tionscadal caipitil, ag cinntiú go gcomhlíontar próisis cheadú céime aonair RTRÁO agus ceanglais lámhleabhar dearaidh
- Oibrigh le hOifig Ghníomhachtaithe Tithíochta nua RTRÁO chun maoiniú a chomhordú agus a fháil le haghaidh bonneagair chun tacú le seachadadh tithíochta nua
- Tá banc talún teoranta ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ní mór di pleanáil a dhéanamh ar conas rochtain a fháil ar thalamh breise chun tacú le seachadadh tithe sóisialta agus inacmhainne nua, lena n-áirítear trí thalamh a fháil agus comhpháirtíochtaí le húinéirí talún príobháideacha.

## Leithdháiltí Tithíochta, ÍCT, Obair Shóisialta agus Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean do Réigiún Bhaile Átha Cliath

### Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

- Cuir an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean 2025-2027 atá nuaghlactha i bhfeidhm faoi mhaoirseacht ón nGrúpa um Bainistíocht Straitéiseach (GBS)
- Tuilleadh easpa dídine a chosc trí dhíriú ar oiliúint agus obair na foirne Coiscthe agus Comhairle in Údaráis Áitiúla agus in eagraíochtaí Alt 10 a chaighdeánú.
- Déan monatóireacht ar dhaoine atá ag codladh amuigh i Réigiún Bhaile Átha Cliath, agus oibrigh leo lena chinntiú go bhfuil rochtain acu ar thacaíocht agus ar Chóiríocht Éigeandála.
- Déan monatóireacht rialta ar cháilíocht na cóiríochta, na dtacaíochtaí a chuirtear ar

fáil, agus ar riarachán ginearálta na cóiríochta éigeandála a sheachadann soláthraithe príobháideacha agus ENRanna i réigiún Bhaile Átha Cliath do dhaoine atá i mbaol easpa dídine nó daoine atá gan dídean, agus dírigh ar cháilíocht bia agus ar luach cothaitheach.

- An Bunachar Sonraí Náisiúnta a bhainistiú chun cóiríocht a bhainistiú agus chun tacú le heaspa dídine (CCTSA: Córas Cóiríochta agus Tacaíochta Slí Abhaile) agus feabhsuithe a fhorbairt le haghaidh tuairiscithe náisiúnta laethúla.
- An scéim Tionónta in Situ (TiS) a chur chun cinn agus tithe folmha a fháil chun aghaidh a thabhairt ar easpa dídine fhadtéarmach i gcomhréir leis an maoiniú a chuireann an RTRÁO ar fáil.
- Spriocanna maidir le Tús Áite don Tithíocht a bhaint amach le foirne nua i bhfeidhm

### Leithdháiltí Tithíochta agus ÍCT

- Pleanáil le haghaidh athruithe ar reachtaíocht cíosa i gcomhar le tiarnaí talún chun tionóntachtaí Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a chosaint nuair is féidir.
- Easpa dídine a chosc nó a laghdú trí thacaíochtaí a uasmhéadú chun rochtain ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine gan Dídean (ÍCTDD) a chumasú.
- Déan monatóireacht ar sholáthar seirbhísí chun a chinntiú go bhfanann amanna measúnaithe do thithíocht shóisialta laistigh den tréimhse reachtúil 12 sheachtain.
- Déan athruithe ar an scéim ligean ar cíos lena nglacadh nó lena leasú ag Comhairleoirí
- Laghdaigh na tréimhsí ama do phróisis áititheora neamhdhleathach agus chomharbais tionóntachta.

### Obair Shóisialta

- Feidhmiú sóisialta agus pearsanta daoine aonair, teaghlach agus grúpaí a fheabhsú trí bhainistíocht cásanna spriocdhírithe.
- Athbhreithniú tráthúil agus breithniú a dhéanamh ar iarratais curtha isteach faoi Scéim na bhForas Sóisialta Eisceachtúil.

## Oibríochtaí Tithíochta

- Athbhreithniú a dhéanamh ar conas a gcothaímid agus a ndeisímid ár stoc tithíochta reatha de 29,400 teach chun a chinntiú go bhfuil tairbhe á baint againn as cur chuige soiléir agus éifeachtach maidir leis an tslí a mbainistímid an 70,000 iarratas ar dheisiúchán a fhaightear gach bliain.
- Plean a ullmhú do rolladh amach méadaithe oibreacha chothabhála atá pleanáilte
- Ár gcuid oibreacha athchóirithe ar thithe folmha, oiriúnú agus fáil a sheachadadh
- Uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh a sheachadadh inár dtithe
- Plean a ullmhú chun uasghrádaithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh inár 220 coimpléasc árasán
- Plean a ullmhú d'fhoireann nua bainistíochta sócmhainní a dhíríonn ar shuirbhéanna ar riocht, clár, cothabháil clársceidealaithe agus caighdeáin dearaidh a shocrú
- Cinntigh go seachadfar ár gClár Cóiríochta don Lucht Siúil (TAP) comhaontaithe

- Dlús a chur le tacar comhaontaithe de sholáthairtí cothabhála tosaíochta
- Cinntigh go mbainistítear ár gcórais bhailiúcháin cíosa go héifeachtach
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Cíosa Difreálach

## Príomhchuspóirí Seirbhíse

| SEIRBHÍS/CLÁR | PRÍOMHCHUSPÓIR SEIRBHÍSE |
|---|---|
| **SOLÁTHAR AGUS SEACHADADH TITHÍOCHTA** | |
| **Seachadadh caipitil** | • Tithíocht shóisialta agus inacmhainne a chur ar fáil ar thalamh atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Oibriú le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) chun tithe sóisialta agus inacmhainne a sheachadadh ar thalamh nach bhfuil faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. |
| **Plean tithíochta RTRÁO** | • Chun ceanglais phlean tithíochta nua an Aire a chur i bhfeidhm |
| **Straitéis tithíochta** | • Straitéis tithíochta agus talún 10 mbliana a ullmhú. |
| **Rialachas** | • Socrú rialachais nuashonraithe a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar agus seachadadh an chláir thithíochta a threorú mar aon le clár agus próisis bhainistíochta tionscadail nuashonraithe, agus próisis soláthair atá comhlíontach agus solúbtha. |
| **Ailtireacht** | • A chinntiú go bhfuil an fhoireann ag cumasú ar an mbealach is fearr, dearadh agus seachadadh cláir tithíochta chaipitil shuntasaigh.<br>• Cur chuige níos caighdeánaithe a fhorbairt maidir le dearadh agus seachadadh tithe nua, de réir cheanglais na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO). |
| **Suirbhéireacht Chainníochta** | • Chun a chinntiú go dtacaíonn an fhoireann go héifeachtach le dearadh agus seachadadh clár cuimsitheach cothabhála agus feabhsúcháin tithíochta, chomh maith le cur i gcrích ár dtionscadal caipitil tithíochta. Bainfear é seo amach trí phleanáil chomhtháite costais, cur chuige dírithe ar an tráchtáil atá leabaithe ar fud an dearaidh agus an tseachadta, bainistíocht réamhghníomhach díospóide, agus straitéisí láidre soláthair. |
| **LEITHDHÁILTÍ TITHÍOCHTA, ÍCT, SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN AGUS OBAIR SHÓISIALTA** | |
| **Leithdháiltí agus Aistrithe Tithíochta** | • Measúnú tráthúil ar riachtanas tithíochta a chinntiú de réir na rialachán.<br>• Comhairle chruinn a chur ar fáil d'iarratasóirí tithíochta agus do thionóntaí nuair a bhíonn iarratas ar aistriú á dhéanamh.<br>• An t-áititheoir neamhdhleathach agus na próisis a bhaineann le comharbas tionóntachta a bhainistiú.<br>• Scéim Rogha Tithíochta a úsáid chun amanna folmha a laghdú agus chun rogha a chur ar fáil d'iarratasóirí tithíochta.<br>• An tithíocht reatha atá ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a leithdháileadh ar iarratasóirí cáilithe de réir na reachtaíochta agus an Scéim um Ligean ar Cíos ar Glacadh Léi.<br>• Chun tacú le hobair agus moltaí an Ghrúpa Stiúrtha Míchumais maidir le tithe atá pleanáilte níos fearr le haghaidh daoine faoi mhíchumas. |

| | |
|---|---|
| **Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta** | • Cabhrú le tionóntaí chun cóiríocht phríobháideach a fháil ar cíos le tacaíocht tithíochta.<br>• Easpa dídine a chosc nó a mhaolú trí scéim ÍC Tithíochta do Dhaoine Gan Dídean.<br>• Tacú le gníomhachtú fostaíochta trí thionóntaí a bhogadh ón bhForlíonadh Cíosa go dtí an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT). |
| **Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean** | • An Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean a chur chun feidhme agus plean 2025-2027 a Fhorbairt a mbeidh na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath ag glacadh leo/ á leasú.<br>• Easpa dídine a chosc trí idirghabháil, comhairle agus.nó cruthú tionóntachtaí.<br>• Cóiríocht éigeandála a chur ar fáil do dhaoine atá i mbaol a bheith ag codladh amuigh i Réigiún Bhaile Átha Cliath.<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na cóiríochta agus na tacaíochta atá á cur ar fáil i Réigiún Bhaile Átha Cliath dóibh siúd atá i mbaol easpa dídine nó dóibh siúd atá ag déileáil le heaspa dídine.<br>• An Bunachar Sonraí Náisiúnta a bhainistiú go héifeachtúil chun cóiríocht a bhainistiú agus chun tacú le heaspa dídine (CCTSA: Córas Cóiríochta agus Tacaíochta Slí Abhaile).<br>• Easpa dídine fadtéarmaí a laghdú trí fhreagairt thithíochtbhunaithe d'easpa dídine.<br>• Spriocanna Thithíocht ar dTús a chomhlíonadh chun freagairt do chodladh amuigh.<br>• Rialachas stuama a sholáthar i ndáil le caiteachas ar sheirbhísí do theaghlaigh atá i mbaol nó ag déileáil le, easpa dídine. |
| **Obair Shóisialta** | • Seirbhís Oibre Sóisialta iomlánaíoch a chur ar fáil do ghrúpaí úsáideoirí seirbhíse thuasluaite<br>• Feidhmiú sóisialta agus pearsanta daoine aonair, teaghlach agus grúpaí a fheabhsú<br>• Seirbhís Dualgais Oibre Sóisialta a sheachadadh trí fhógairt, comhairle agus treoir.<br>• Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar iarratais curtha isteach faoi Scéim na bhForas Sóisialta Eisceachtúil.<br>• Cásanna a bhainistiú trí leithdháileadh tráthúil agus oiriúnach d'Oibrithe Sóisialta. |
| **OIBRÍOCHTAÍ TITHÍOCHTA** | |
| **Cothabháil Tithíochta** | Cothabháil oiriúnach ár 29,400 teach comhairle a chinntiú.<br>Tá gá le:<br>• Seirbhís do chustaiméirí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do thionóntaí.<br>• Stoc tithíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a uasghrádú de réir Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin le haghaidh Tithe ar Cíos), 2019, trí chláir chothabhála phleanáilte cosúil le tithe folmha a athchóiriú; fuinneoga nó doirse nua a chur ar fáil; aeráil mheicniúil a shuiteáil; uasghrádú teasa; feabhsuithe purláin.<br>• Iarratais ar Oibreacha Oiriúnaithe Tithe a phróiseáil chun freastal ar riachtanais agus chun caighdeáin a fheabhsú do thionóntaí atá faoi mhíchumas.<br>• Leanúint le rolladh amach an Chláir Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (CIÉF), clár atá á mhaoiniú ag an rialtas.<br>• Ár Seirbhís Áiríochais agus Cothabhála Talún a fheabhsú. |
| **Cíosanna Tithíochta** | Tá gá le:<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar chíosanna<br>• An céatadán d'admhálacha cíosa bailithe a mhéadú<br>• An riaráiste cíosa foriomlán a laghdú<br>• A chinntiú go bhfuil tionóntaí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu páirteach i socruithe aisíocaíochta<br>• Measúnuithe cíosa rialta a dhéanamh ar gach cuntas cíosa |

| | |
|---|---|
| **SCC agus Léasú Sóisialta** | Cuireann an Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) agus an Scéim Léasaithe Shóisialta ar chumas na Comhairle roghanna tithíochta sóisialta malartacha a thairiscint dóibh siúd a bhfuil tithíocht ag teastáil uathu.<br>Tá gá le:<br>• Ár dtithe SCC agus Léasaithe reatha a bhainistiú.<br>• Gairm ar thithe nua SCC agus Léasaithe a reáchtáil. |
| **Iasachtaí agus Deontais Tithíochta** | Tá rochtain ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar mhaoiniú deontais agus iasachtaí agus tá sé mar aidhm againn:<br>• Tacú le daoine chun a dtithe féin a cheannach trí scéimeanna cosúil le hÚinéireacht Chomhroinnte, Scéim Ceannaigh Incrimintigh ag Tionóntaí, agus Scéim Iasachta Tí ó Údarás Áitiúil.<br>• Tacú le daoine chun fanacht ina gcónaí ina dteach féin atá faoi úinéireacht phríobháideach trí scéimeanna deontais d'oiriúnú tithe, áiseanna soghluaisteachta agus cúnamh tithíochta do dhaoine scothaosta agus, in imthosca áirithe, an Próiseas um Réiteach Riaráiste Morgáiste agus an Scéim Morgáiste go Cíos.<br>• Leanúint ar aghaidh leis an tréimhse chigireachta thosaigh do gach deontas Oiriúnaithe Tithe a laghdú.<br>• An t-ardleibhéal deontais próiseáilte i ngach scéim deontais a chothabháil, lena n-áirítear, mar shampla, Croí Cónaithe. |
| **Cóiríocht do Phobal an Lucht Siúil** | Tá breis is 850 teaghlach de Phobal an Lucht Siúil ina gcónaí laistigh de cheantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus tá thart ar 16 Láithreán do Phobal an Lucht Siúil ann (láithreáin stad, grúpthithíocht agus seirbhísí láithreáin bunúsacha). Tá sé mar aidhm againn:<br>• Caighdeán comhsheasmhach d'airíochas laethúil do chóiríocht do Phobal an Lucht Siúil.<br>• Oibreacha cothabhála a dhéanamh ar chóiríocht agus ar láithreáin atá ar fáil do Phobal an Lucht Siúil cheana féin.<br>• Leanúint ar aghaidh le tithe nua a dhearadh agus a thógáil. |
| **Caighdeáin d'Earnáil na Cóiríochta Príobháidí ar Cíos** | Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as feabhsuithe a dhéanamh ar cháilíocht na cóiríochta in earnáil na cóiríochta príobháidí ar cíos faoi Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin le haghaidh Tithe ar Cíos), 2019. Déantar é sin trí chlár cigireachtaí agus forfheidhmithe. Déanann Oifigigh Sláinte Comhshaoil cigireachtaí ar bhonn frithghníomhach agus réamhghníomhach agus trí fhreagairtí comhordaithe i rannóga ábhartha de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus d'fhéadfadh cabhair a bheith ag teastáil ó Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath más cuí. Déantar cigireachtaí ar gach réadmhaoin atá páirteach sa Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) agus sa Scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT).<br>Is é an cuspóir atá againn ná:<br>• Leanúint ar aghaidh le gníomh forfheidhmithe go dtí go gcinntítear comhlíonadh i gcásanna inar tugadh neamhchomhlíonadh faoi deara nuair a rinneadh cigireacht.<br>• Freagairt do gach gearán maidir le cóiríocht phríobháideach ar cíos faoi cheann 3 lá oibre.<br>• Gach cigireacht ÍCT a dhéanamh faoi cheann 8 mí ó chuirtear tús le híocaíochtaí ÍCT – más gá.<br>• Cigireacht a dhéanamh ar gach cineál cóiríochta príobháidí ar cíos sa chathair. |
| **Foirgnimh Chontúirteacha** | Cloí le hoibleagáid reachtúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun tailte nó foirgnimh atá contúirteach don phobal a shainaithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus gníomh cuí a dhéanamh chun a chinntiú go ndeisíonn an t-úinéir an réadmhaoin agus go gcinntíonn sé nó sí go bhfuil an réadmhaoin sábháilte. Más gá, is féidir leis an gComhairle leanúint ar aghaidh le hoibreacha sábháilteachta éigeandála agus na costais a fhorchúiteamh ó na húinéirí. |

# Táscairí Feidhmíochta Seirbhíse

## SOLÁTHAR AGUS SEACHADADH TITHÍOCHTA

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 |
|---|---|
| Spriocanna atá socraithe faoi Tithe á dTógáil, Pobail á gCothú 2025-2030: Plean Gníomhaíochta don Soláthar Tithíochta agus chun Dul i nGleic leis an Easpa Dídine | 2,165 |
| Tithíocht curtha ar fáil ar thalamh atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 1,083 |
| Tithíocht curtha ar fáil ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) ar thalamh nach bhfuil faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 1,773 |
| Tithíocht Chuid V faighte | 294 |
| Scéim Leithdháiltí Tithíochta le dul faoi phróiseas Dualgais na hEarnála Poiblí | R4 2026 |

## LEITHDHÁILTÍ TITHÍOCHTA, ÍCT, OBAIR SHÓISIALTA AGUS SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 |
|---|---|
| **Leithdháiltí** | |
| Líon na Leithdháiltí | 2,500 in aghaidh na bliana |
| Céatadán na Leithdháiltí dóibh siúd atá faoi mhíchumas | 10% |
| An méid ama a thógann sé chun measúnú a dhéanamh ar iarratais (idir tráth déanta an iarratais agus cruthú) | 12 sheachtain |
| % den Réadmhaoin atá ligthe ar cíos trí Scéim Rogha Tithíochta (SRT) | 70% |
| Leibhéal diúltaithe Leithdháiltí | <12% |
| % de dhaoine atá ar an liosta feithimh Tithíochta ag déanamh iarratais ar SRT | 60% |
| **ÍCT** | |
| Líon na dtionóntachtaí nua Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) agus ÍCT do Dhaoine gan Dídean a cruthaíodh | 220 sa mhí |
| An méid ama a thógann sé idir iarratais ÍCT a phróiseáil agus Mol a Chríochnú | 4 Seachtaine |
| Meánlíon na laethanta a bhfuil an tiarna talún i riaráiste | 28 lá |
| % de na faighteoirí forlíonta cíosa fágtha ar feitheamh aistriú chuig ÍCT | 30% |
| Líon na nAthbhreithnithe Cíosa a Cuireadh i gCrích | |
| **Easpa Dídine** | |
| Líon na nGníomhartha a cuireadh i gcrích sa Phlean Gnó Bliantúil | 90% |
| Cóimheas na gCosc i gcomparáid le Tionóntaí Nua | 1:1 |
| Laghdú ar % na dteaghlach i gcóiríocht éigeandála thar thréimhse 6 mhí | 7% |
| Líon na ndaoine a d'fhág chun tairbhe a bhaint as tionóntacht | Meán Míosúil de 100 Teaghlach |
| Tionóntaí le fógra foirceanta do dhíol tiarna talún arna meas do thionónta i scéim in situ | 100% |

## LEITHDHÁILTÍ TITHÍOCHTA, ÍCT, OBAIR SHÓISIALTA AGUS SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN (ar lean)

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 |
|---|---|
| **Obair Shóisialta** | |
| Líon na ngairmeacha ar Dhualgas Oibre Sóisialta a freagraíodh | 3,500 |
| Líon na n-atreoraithe a leithdháileadh ar Sheirbhís Oibre Sóisialta | |
| Líon na nIarratas ar Fhoras Sóisialta Eisceachtúil a Cuireadh i gCrích | 1,150 |

## OIBRÍOCHTAÍ TITHÍOCHTA

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 |
|---|---|
| Líon na n-iarratas deisiúcháin a fuarthas | |
| Líon na n-iarratas deisiúcháin do gach catagóir éigeandála; práinneach; gnáthdheisiúchán | |
| % de thithíocht ar fáil atá folamh | |
| An meánmhéid ama a thógann sé idir dáta na seilbhe glaine agus an dáta a bhfuil an réadmhaoin ar fáil d'áitíocht | |
| Líon na n-aonad a athchóiríodh | |
| Líon na n-oiriúnuithe agus na síntí tithíochta a cuireadh i gcrích | |
| Líon na n-iarfheistithe críochnaithe a raibh feabhsú RFF dá mbarr | |
| Líon na gcoirí gáis baile a deisíodh/a athsholáthraíodh | |
| Cíos faighte i gcoinne céatadán cíosa billeáilte | 95% |
| Líon na rabhadh tionóntachta a eisíodh | 250 |
| Líon na gcaingne dlí a cuireadh tús leo | 125 |
| Méadú ar líon na réadmhaoine ar fáil tríd an Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) agus Scéimeanna Léasaithe Shóisialta | |
| Líon na n-iarratas a fuarthas do gach scéim (Oiriúnú Tithíochta; Áiseanna Soghluaisteachta; Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta) | |
| % na gcigireachtaí tosaigh curtha i gcrích faoi cheann 4 seachtaine i ndiaidh an iarratais a fháil | |
| Líon na n-iarratas a ceadaíodh agus a cuireadh i gcrích faoi gach scéim | |
| Líon na dteaghaisí a ndearnadh cigireacht orthu | |
| Líon na dteaghaisí a ndearnadh cigireacht orthu a bhí neamh-chomhlíontach i ndiaidh na chéad chigireachta | |
| Líon na dteaghaisí a bhain comhlíontacht amach i rith na tréimhse | |
| Líon na nglaonna amach chuig foirgnimh chontúirteacha ar freastalaíodh orthu | |

## BUISÉAD 2026

| CÓD AN BHUISÉID | RANNÁN AGUS SEIRBHÍSÍ | BUISÉAD GLACTHA 2026 |
|---|---|---|
| **Housing & Building** | | |
| A01 | Cothabháil/Feabhsú Aonad Tithíochta ÚÁ | €135,738,194 |
| A02 | Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta | €12,543,985 |
| A03 | Cíos Tithíochta agus Riar Ceannaigh ag Tionóntaí | €11,461,525 |
| A05 | Riar na Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean | €412,202,552 |
| A06 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | €55,669,133 |
| A07 | SCC agus Clár Léasaithe | €173,992,759 |
| A08 | Iasachtaí Tithíochta | €10,586,841 |
| A09 | Deontais Tithíochta | €13,033,922 |
| A12 | Clár ÍCT | €10,954,614 |
| E10 | Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna | €7,216,076 |
| **Rannán Seirbhíse - Iomlán** | | **€843,399,601** |



# Cultúir, Pobail, Fóillíochta & Seirbhísí Ceantair

# Cultúir, Pobail, Fóillíochta & Seirbhísí Ceantair

## Réimse Fócais: **Comharsanachtaí agus Pobail**

### Sprioc:

***Líonra de chomharsanachtaí agus de shráidbhailte bríomhara a fhorbairt ina mbeidh rochtain ag gach duine ar shaoráidí agus ar sheirbhísí ar ardchaighdeán a theastaíonn chun tacú le pobail ionchuimsitheacha agus ghníomhacha.***



## Príomhréimsí Seirbhíse agus Cuspóirí Straitéiseacha:

- An raon saoráidí agus seirbhísí pobail, cultúrtha, spóirt ar ardchaighdeán agus ionchuimsitheach a fhorbairt agus a leathnú mar aon le páirceanna agus saoráidí caithimh aimsire i gcomharsanachtaí ar fud na cathrach
- An bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú trí chomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile agus le pobail áitiúla
- Pobail chomhtháite a chur chun cinn agus a threorú trí raon clár agus gníomhaíochtaí atá bunaithe ar ionchuimsiú sóisialta, forbairt pobail, comhionannas, aoisbhá, comhtháthú idirchultúrtha agus ar an nGaeilge
- Carachtar uathúil agus cultúir éagsúla Bhaile Átha Cliath a cheiliúradh le haghaidh fonn cuimsithe agus bród sa chathair a thógáil
- Tacaíocht a thabhairt do sheachadadh seirbhísí do phobail agus do chomhaltaí tofa ar leibhéal áitiúil

## Príomhthosaíochtaí Seirbhíse i gcomhair 2026:

### Leabharlanna agus Cultúr

- Pleananna a chur chun cinn don leabharlann cathrach nua agus do leabharlanna nua i nDroimeanach, Fionnradharc, Tír an Iúir agus Cluain Ghrífín / Béal Maighne
- Nascacht idirlín i líonra brainse na leabharlainne a fheabhsú trí chrua-earraí, cáblaí agus bonneagar leathanbhanda a uasghrádú
- An fhéidearthacht Córas Leabharlainne Mo Leabharlann Oscailte a leathnú chuig dhá Leabharlann Bhrainse bhreise
- Uimh. 18 Cearnóg Parnell Thuaidh a athchóiriú agus é a chur in úsáid le haghaidh cóiríochta foirne agus chun imeachtaí do ghrúpaí ardleibhéil a éascú agus foirgneamh na Gailearaí dúnta
- A chinntiú go bhfanann an Grúpa Ardleibhéil i dteagmháil le pobail agus institiúidí oideachais trí ionaid rannpháirtíochta agus foghlama lasmuigh den láthair a fhorbairt, chomh maith le salóin ar fud na cathrach

### Pobal, Spoirt agus na hEalaíona

- 'Cathair do Chách' a chomhordú, imeacht seachtaine i mí na Bealtaine 2026 chun an obair dhearfach agus na comhpháirtíochtaí a thacaíonn le forbairt phobail agus shóisialta ar fud na cathrach a thaispeáint.
- Straitéis Aois-Chairdiúil 2026-2030 (Dualgas na hEarnála Poiblí) a fhorbairt agus a ghlacadh
- Athbhreithniú ar an bPlean Cur Chun Feidhme Dhá Bhliain don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024–2029
- Obair imeasctha pobail a neartú ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath tríd an bhFóram Imeasctha Pobail agus tionscnaimh eile
- Plean Gníomhaíochta Chathair Bhaile Átha Cliath atá Oiriúntach don Uathachas 2026-2028 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le MarATáim

- Pleananna do Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn mar chathair óstach do Chomórtas Euro 2028
- Treochlár bliantúil an Phlean Spóirt a chur i bhfeidhm agus a phríomhthosaíochtaí a chomhlíonadh
- Fóram Spóirt Áitiúil a bhunú i ngach limistéar riaracháin chun tacú le cur i bhfeidhm áitiúil an Phlean Spóirt
- Gaeilge365 a chomhdhlúthú sa Chomhairle Cathrach agus mar thionscnamh réigiúnach
- Tacú le hAmharclann Chathrach Bhaile Átha Cliath atá nuabhunaithe i bhforbairt a misean agus a straitéise
- Pleananna a chur chun cinn chun spásanna oibre nua a chruthú d'ealaíontóirí ar fud na cathrach

## Páirceanna, Tírdhreach agus Bithéagsúlacht

- Straitéis Páirceanna Bhaile Átha Cliath (Dualgas na hEarnála Poiblí) a athbhreithniú
- Straitéis Crann Bhaile Átha Cliath 2026-2036 a fhorbairt agus a chomhaontú
- An Clár Cúraim Crann bliantúil a chur i bhfeidhm
- Straitéis Glasaithe ar fud na Cathrach a Chur Chun Cinn
- Dul chun cinn chur i bhfeidhm Straitéis Súgartha Bhaile Átha Cliath a athbhreithniú i ndáil le súgradh inrochtana agus soláthar criosanna do dhéagóirí

## Bainistíocht Ceantair

- Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil (CSPÁ) a bhunú i ngach ceann de na 5 cheantar riaracháin
- Athbhreithniú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí bunaithe ar cheantair
- Ár straitéis do chomharsanachtaí Chluain Ghrífín-Bhéal Maighne a chur i gcrích
- Straitéis a ullmhú chun treoir a thabhairt maidir le forbairt agus bainistíocht áiseanna sóisialta agus pobail ar fud na cathrach



# Príomhchuspóirí Seirbhíse

| SEIRBHÍS / CLÁR | PRÍOMHCHUSPÓIR SEIRBHÍSE |
|---|---|
| **LEABHARLANNA AGUS CULTÚR** | |
| Seirbhísí agus Cláir Leabharlainne | • Raon leathan seirbhísí a chur ar fáil thar líonra de 21 Brainse Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath agus ar líne.<br>• Na seirbhísí a chuirtear ar fáil, an raon agus na bealaí chun rochtain a fháil ar ábhair a fheabhsú, a fhorbairt agus a chur chun cinn, mar aon le fairsinge agus nádúr imeachtaí agus clár.<br>• Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar bhailiúcháin agus ar acmhainní inár Leabharlanna, agus cláir a fhorbairt do leanaí agus seirbhísí Leabharlainne sa Phobal, agus é mar aidhm an rochtain atá ag daoine ar litríocht, litearthacht agus ábhair a fheabhsú agus cur le saol cultúrtha na cathrach. |
| Cartlanna Chartlann Bhaile Átha Cliath | • Rochtain ar bhailiúcháin Chartlanna Chathair Bhaile Átha Cliath a chaomhnú agus a sholáthar mar atá sonraithe in Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú. Tá taifid chathartha bhunaidh agus uathúla le fáil i gCartlann na Cathrach ar Shráid an Phiarsaigh a bhaineann leis an 12ú haois. I mBailiúcháin Bhaile Átha Cliath agus Éire tá ábhair neamhchoitianta, foilsithe a bhaineann leis an 15ú haois. |
| Cathair Liteartha | • Tacú le agus ceiliúradh a dhéanamh ar ainmniúchán Bhaile Átha Cliath mar Chathair Litríochta UNESCO trí chlár imeachtaí, deiseanna cónaitheachta agus comhoibrithe le comhpháirtithe cathrach.<br>• Dlús a chur le rannpháirtíocht trí thionscnaimh cosúil le Baile Átha Cliath Amháin, Leabhar Amháin, an feachtas Léitheoireachta Cathrach agus Gradam Liteartha Bhaile Átha Cliath, ar príomhghnéithe iad ar fad de chlár bliantúil Chathair Litríochta UNESCO. |
| Dánlann Hugh Lane | • Pleananna forbartha a chur chun cinn do gach saoráid ghrúpa ardleibhéil chun tacú lenár bpleananna agus spriocanna straitéiseacha agus iad a chur i bhfeidhm.<br>• Ceann de na bailiúcháin is suimiúla in Éirinn d'ealaín nua-aimseartha agus chomhaimseartha, Éireannach agus idirnáisiúnta, a choimeád, mar aon le stiúideo Francis Bacon, i nDánlann Hugh Lane.<br>• Stádas The Hugh Lane, Dánlann, mar cheann de na forais chultúrtha is suntasaí in Éirinn a chothabháil trí thaispeántais spéisiúla a eagrú agus trí leanúint ar aghaidh le raon fairsing clár for-rochtana agus oideachais a chur ar fáil mar chuid dá sprioc chun deis rannpháirtíochta a thabhairt do phobail áitiúla, do scoileanna agus don phobal chun teacht ar thuiscint ar agus chun meas a bheith acu ar ealaín agus ar shaol cultúrtha Bhaile Átha Cliath. |
| **POBAL, SPÓRT AGUS NA HEALAÍONA** | |
| Seirbhísí Spóirt agus Caithimh Aimsire | • Pobal Bhaile Átha Cliath a spreagadh chun a bheith gníomhach agus nascadh lena chéile ar bhealach sábháilte, dearfach agus inrochtana. Chun é sin a dhéanamh, soláthraíonn Seirbhísí Spóirt agus Caithimh Aimsire Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath raon leathan seirbhísí spóirt, caithimh aimsire agus pobail do dhaoine aonair agus do ghrúpaí.<br>• Gníomhaíochtaí, cláir agus tionscnaimh éagsúla inrochtana agus inacmhainne a thairiscint i bpobail áitiúla ar fud na cathrach trí líonra na Comhairle de 29 ionad pobail, spóirt agus caithimh aimsire agus 3 choimpléasc linne snámha.<br>• Leanúint ar aghaidh ag tacú le, ag bainistiú agus ag seachadadh raon leathan clár spóirt agus áineasa do dhaoine de gach aois agus ó gach cúlra. |

| | |
|---|---|
| **Coiste Forbartha Pobail Áitiúil** | • Forbairt pobail agus eacnamaíoch áitiúil a fheabhsú i mBaile Átha Cliath.<br>• Chun an sprioc seo a chomhlíonadh, bainfidh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) tairbhe as saineolas agus as taithí earnálacha agus eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha i mBaile Átha Cliath. Páirteach in CFPÁ tá Comhaltaí Tofa agus ionadaithe foirne ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, gníomhaireachtaí stáit agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha agus an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, agus tá sé freagrach as maoiniú forbartha áitiúil agus pobail a chomhordú, a phleanáil agus maoirseacht a dhéanamh air, cláir agus seachadadh comhtháite tionscnamh sa chathair. Chomh maith leis sin, déanann CFPÁ maoirseacht ar ullmhú agus ar chur chun feidhme na ngnéithe pobail de Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath. |
| **Ionchuimsiú agus Imeascadh Sóisialta** | • Raon tionscnamh ionchuimsithe, forbartha pobail agus imeasctha a chomhordú agus tacú leo mar chuid d'iarracht na Comhairle Baile Átha Cliath bríomhar a chruthú do chách.<br>• Oibriú le comhpháirtithe ar fud na hearnála pobail agus deonaí chun ról ceannais a ghlacadh i ndáil le Tionscnamh Aoisbháúil Chathair Bhaile Átha Cliath, Clár Chomhairle na nÓg, Clár Pobal Sláintiúil Sláintecare, an Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus forbairt Straitéis Imeasctha agus Idirchultúrtha do Bhaile Átha Cliath a sheachadadh.<br>• Raon deontas agus tacaíochtaí airgeadais a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha. |
| **An Oifig Ealaíon** | • A chinntiú go mbíonn ról lárnach ag na healaíona i mBaile Átha Cliath trína chinntiú go mbeidh an Oifig Ealaíon ag obair i gcomhpháirt leis an bpobal, le pobail, ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon.<br>• Díriú ar bheartas bonneagair ealaíon, tionscadail chomhoibritheacha, cláir agus imeachtaí ealaíon, tacaíocht do ghníomhaíochtaí ealaíon pobail áitiúla trí dheontais agus tionscnaimh.<br>• Chomh maith leis sin, bainistíonn sí agus déanann sí cothabháil ar ealaín phoiblí na cathrach, Dánlann The LAB agus sócmhainní ealaíon eile atá faoi úinéireacht na Comhairle Cathrach. |
| **Leas Ainmhithe** | • Acht um Rialú Madraí, 1986, agus Acht um Rialú Capall, 1996, agus reachtaíocht ghaolmhar a chur chun feidhme.<br>• Tacú le freagracht úinéirí madraí / capall trí rannpháirtíocht leis an bpobal agus cláir oideachais.<br>• Ioncam a mhéadú trí fhorfheidhmiú agus comhlíonadh réamhghníomhach le ceanglais cheadúnaithe.<br>• Soláthar acmhainn dídine ainmhithe a bhainistiú chun freastal ar éilimh mhéadaithe.<br>• Cur chuige ilghníomhaireachta a fhorbairt chun déileáil le saincheisteanna leasa ainmhithe sonracha sa chathair.<br>• Tacú leis an earnáil dheonach / charthanachta chun cuspóirí leasa ainmhithe a chur chun cinn. |
| **Gaeilge365** | • Cultúr nuálaíochta a chruthú trí sheirbhísí údaráis áitiúil a sholáthraíonn deiseanna inláimhsithe chun an Gaeilge a labhairt.<br>• Cláir fhorbartha trí Gaeilge a sheachadadh do bhaill foirne, don phobal, agus do cheannairí amach anseo, ag cinntiú go bhfuil na scileanna atá riachtanach acu chun tacú le sochaí dhátheangach sa todhchaí.<br>• Úsáid a bhaint as píolótaí agus léargais nuálaíochta teanga rathúla chun struchtúir inbhuanaithe a fhorbairt a chruthaíonn deiseanna chun an Gaeilge a labhairt.<br>• Samplaí soiléire de na dea-chleachtais sa réimse seo a thógáil agus a scaipeadh. |

| PÁIRCEANNA, TÍRDHREACH AGUS BITHÉAGSÚLACHT | |
|---|---|
| Bainistíocht agus Forbairt Páirceanna | • Páirceanna uirbeacha agus comharsanachta, páirceanna gleannta abhann, Páirc San Anna, Anaclann Dúlra Oileán an Bhulla agus Trá Chnocán Doirinne a bhainistiú ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht agus le daoine.<br>• Raon taitneamhachtaí a chur ar fáil do shúgradh agus do chaitheamh aimsire i bpáirceanna na Comhairle Cathrach. Úsáideann 190 club agus scoil 221 faiche imeartha i bpáirceanna agus tá clóis súgartha le neart trealaimh le fáil i mbeagnach gach comharsanacht sa chathair.<br>• Seirbhísí páirce a chothabháil a agus a fhorbairt, agus leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag éascú margaí, imeachtaí, gníomhaíochtaí agus saoráidí breise i bpáirceanna cathrach.<br>• Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe ag foireann na Seirbhísí Tírdhreacha Páirceanna páirceanna nua a fhorbairt agus páirceanna atá forbartha cheana féin a uasghrádú chun a chinntiú go mbeidh an dearadh níos nádúrtha agus bithfhilí. |
| Bithéagsúlacht | • Tacú le bithéagsúlacht ar fud na cathrach agus í a fheabhsú trí thosaíochtaí agus gníomhartha a leagan amach do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar atá sonraithe i bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Cathrach 2021-2025 agus Plean Gníomhaíochta na Speiceas Ionrach 2016-2020.<br>• Comhpháirtíocht Bhithsféir UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath a chomhordú a mbeidh gach páirtí leasmhar páirteach ann chun speicis agus gnáthóga tábhachtacha sa chuan agus mórthimpeall ar an gcuan a chur chun cinn agus a chosaint fad is atá gníomhaíocht agus forbairt áineasa, chultúrtha agus eacnamaíoch á cothú. |

| SEIRBHÍSÍ ATÁ BUNAITHE SA CHEANTAR | |
|---|---|
| Seachadadh seirbhíse sa cheantar | Cruinnithe Choiste Ceantair reachtúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a riar agus seachadadh seirbhísí ar fud chúig Cheantar Riaracháin na Comhairle Cathrach a chomhordú:<br>• Forbairt pobail<br>• Bainistíocht eastáit<br>• Seirbhís tithíochta áitiúil<br>• An fearann poiblí agus seirbhísí bainistíochta comhshaoil<br>• Tionscadail feabhsaithe áitiúil<br>• Seirbhís áitiúil do chustaiméirí. |

# Táscairí Feidhmíochta Seirbhíse

## LEABHARLANNA AGUS CULTÚR

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| • Líon na gcuairteanna ar an leabharlann | |
| • Líon na míreanna a eisíodh d'iasachtaithe leabharlainne | |
| • Líon bhaill chláraithe na leabharlainne | |
| • Líon na n-imeachtaí / na dtionscnamh | |
| • Líon na rannpháirtithe in imeachtaí / i dtionscnaimh | |
| • Líon na rannpháirtíochtaí ar an meáin shóisialta | |

| | |
|---|---|
| • Líon rannpháirtíochtaí for-rochtana na Leabharlainne sa Phobal, lena n-áirítear Seachadtaí Baile | |
| • Líon na rannpháirtithe i gcláir agus in imeachtaí Dhánlann Hugh Lane | |
| • Líon na n-imeachtaí a éascaíodh (Bliantúil) | |

## POBAL, SPÓRT AGUS NA HEALAÍONA

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| • Líon na n-iarratas a fuarthas faoi scéim na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) agus scéimeanna eile atá á maoiniú ag an rialtas trí Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) | 100 |
| • Líon na n-iarratas a ceadaíodh agus a cuireadh i gcrích faoi gach scéim atá á maoiniú ag an rialtas trí CFPÁ (Bliantúil) | Thart ar 75% d'iarratais |
| • Líon na n-iarratas a fuarthas faoi Scéimeanna Deontas Pobail | Thart ar 800 |
| • Líon na n-iarratas a ceadaíodh agus a cuireadh i gcrích faoi gach Scéim Deontas Pobail | Thart ar 750 |
| • Líon na dtionscnamh ionchuimsithe, imeasctha agus sláinte trí<br>» Comhairle na nÓg<br>» Cathair Bhaile Átha Cliath Aoisbháúil<br>» Foireann Imeasctha an Údaráis Áitiúil (FIÚÁ)<br>» Cuimsiú Sóisialta<br>» Cláir Rialtais Áitiúil Éire Shláintiúil agus Sláintecare | |
| • Líon na gcuairteoirí ar shaoráidí caithimh aimsire | |
| • Líon na gclár agus na dtionscnamh a cuireadh ar fáil | |
| • Líon na rannpháirtithe | |
| • Líon na n-iarratas ar Dheontais Ealaíon | |
| • Líon na ndeontas Ealaíon a ceadaíodh | |
| • Líon na n-imeachtaí a Sceidealaíodh | |
| • Líon na rannpháirtithe ag imeachtaí ealaíon | |
| • Líon na n-ealaíontóirí cónaithe | |

## LEAS AINMHITHE

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| • Líon na n-ainmhithe a próiseáladh trí shaoráidí dídine | |
| • % an mhéadaithe ar ioncam ó cheadúnas madraí | |
| • Líon na ngníomhartha forfheidhmithe a cuireadh i gcrích (a bhain le sáruithe ar an Acht um Rialú Madraí agus ar an Acht um Rialú Capall) | |

## GAEILGE365 (CUSPÓIRÍ RÉIGIÚNACHA)

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| • Forbair agus déan tástáil ar 24 tionscadal teanga nuálacha nó níos mó | **24** |
| • Cruthaigh breis is 60,000 deis labhartha Gaeilge trí sheirbhís na Comhairle | **60,000** |
| • Ceithre thionscadal teanga nuálacha nó níos mó a leabú laistigh de na Comhairlí | **4** |
| • 2 thionscadal teanga nuálacha nó níos mó a leathnú trí fhoinsí maoinithe breise | **2** |
| • Breis is ceithre chlár cumasaithe ar siúl agus breis is 45 acu ag glacadh páirte in aghaidh na bliana | 4 |
| • Lean leis an Leabhar Beartais agus breis is 150,000 radharc ar ábhar gaolmhar ar na meáin shóisialta in aghaidh na bliana | |

## PÁIRCEANNA, TÍRDHREACH AGUS BITHÉAGSÚLACHT

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| • Líon na mBratach Glas a bronnadh (Bliantúil) | **12 pháirc** |
| • Raon méadaithe agus/nó feabhsaithe taitneamhachtaí/saoráidí i bpáirceanna | |
| • Líon agus cineál imeachtaí i bPáirceanna | |
| • Líon na n-iarratas a fuarthas ag Mol na Saoránach agus % a freagraíodh faoi cheann suas le 10 lá oibre (Iarratais féir/tírdhreachaithe) | **85%** |
| • % den Chlár Cúraim Crann atá curtha i bhfeidhm | |
| • Líon na gcrann a cuireadh agus an limistéar pábhála a baineadh i méadair chearnacha (Bliantúil) | |
| • Taifead de ghnóthachtálacha Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath | |
| • Líon na n-iarratas a fuarthas ag Mol na Saoránach agus % a freagraíodh faoi cheann suas le 10 lá oibre (Iarratais ar chúram crann) | **85%** |
| • Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair Bhaile Átha Cliath: plean gníomhaíochta a sheachadadh | |
| • Plean Gníomhaíochta Anaclann Dúlra Oileán an Bhulla: plean gníomhaíochta a sheachadadh | |
| • Comhpháirtíocht Bhithsféir UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath: Straitéis Caomhantais agus Taighde a sheachadadh | |
| • Straitéis Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath: straitéis a sheachadadh | |
| • Burial Places Strategy: delivery of actions | |

## BAINISTÍOCHT CEANTAIR

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| • Líon na gcruinnithe fóram sábháilteachta poiblí a éascaíodh | |
| • Líon na dtionóntachtaí nua a fuair tacaíocht ó fhoireann an Cheantair | |

## BAINISTÍOCHT CEANTAIR (AR LEAN)

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| • Líon na n-agallamh bainistíochta eastáit a rinneadh | |
| • Líon na ngrúpaí pobail nua a bunaíodh | |
| • Líon na ngníomhaíochtaí pobail a éascaíodh | |
| • Líon na nglantachán ceantair ar tugadh tacaíocht dóibh | |
| • Líon na ngrúpaí comhshaoil pobail gníomhacha a fhaigheann tacaíocht ó fhoirne Fearainn Phoiblí | |
| • Líon na dtionscadal lánroghnacha ceadaithe | |
| • Líon na dtionscadal lánroghnacha curtha i gcrích | |
| • Líon na gceisteanna a tugadh freagra orthu ag an gcuntar poiblí | |
| • % de ghlaonna chuig an tseirbhís teileafónaíochta bhainistithe freagartha faoi cheann 30 soicind | 90% |
| • Líon na gCeisteanna ón gCoiste Ceantair ar tugadh freagra orthu | |

## BUISÉAD 2026

| CÓD AN BHUISÉID | RANNÁN AGUS SEIRBHÍSÍ | BUISÉAD GLACTHA 2026 |
|---|---|---|
| **Cultúr, Áineas agus Taitneamhacht** | | |
| F01 | Oibríochtaí Saoráidí Caithimh Aimsire | €14,437,082 |
| F02 | Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne | €32,051,919 |
| F03 | Oibríochtaí Limistéar Caithimh Aimsire Allamuigh | €40,820,188 |
| F04 | Forbairt Pobail, Spóirt agus Áineasa | €27,848,413 |
| F05 | Oibriú an Chláir Ealaíon | €30,872,091 |
| A04 | Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta | €25,907,015 |
| G04 | Seirbhísí Tréidliachta | €2,973,029 |
| G05 | Seirbhísí Tacaíochta Oideachais | €1,451,711 |
| **Rannán Seirbhíse - Iomlán** | | **€176,361,448** |





# Forbairt Phleanála, Réadmhaoine agus Eacnamaíoch

# Forbairt Phleanála, Réadmhaoine agus Eacnamaíoch

## Réimse Fócais: **An Geilleagar, Fás agus Athghiniúint Uirbeach**

### Sprioc:

***Forbairt agus athghiniúint réigiún na cathrach agus a gheilleagar a threorú ionas go mbeidh Baile Átha Cliath ag feidhmiú mar cheann de na réigiúin chathrach is inbhuanaithe, is dinimiciúla agus is acmhainní san Eoraip.***



## Príomhréimsí Seirbhíse agus Cuspóirí Straitéiseacha:

- Forbairt agus fás spásúil leantach Bhaile Átha Cliath a threorú, agus an cháilíocht saoil, iomaíochas eacnamaíoch, oidhreacht chultúrtha agus athléimneacht chomhshaoil a fheabhsú
- Geilleagar cliste, glas, bunaithe ar nuálaíocht a chomhchruthú sa réigiún cathrach trí chomhoibriú lenár gcomhpháirtithe eacnamaíocha agus turasóireachta
- Díriú ar bhonn réamhghníomhach ar athghiniúint, forbairt agus athúsáid na talún agus na bhfoirgneamh ar fud na cathrach chun a chinntiú go mbeidh sráideanna agus comharsanachtaí na cathrach bríomhar agus lán beochta
- Athbheochan lár na cathrach a threorú chun príomhchathair a chruthú atá sábháilte, inrochtana, glan agus bisiúil i rith an lae agus na hoíche, a mbeidh an tír ar fad bródúil aisti

## Príomhthosaíochtaí Seirbhíse i gcomhair 2026:

### Seirbhísí Pleanála

- Dul chun cinn leis an bpróiseas reachtúil chun Riachtanais Fáis Tithíochta an NPF a chur i bhfeidhm i bPlean Forbartha na Cathrach 2022-2028
- Ceithre athrú beartaithe a thabhairt chun cinn chun cloí le Riachtanais an Chreat Náisiúnta Pleanála ag Droichead Broome-Hamaltún, An Choill Mhór, athbhreithniú ar an Limistéar Athghiniúna Forbartha Straitéisí agus athbhreithniú ar thailte C6/C7
- Staidéir chúlra a chur chun cinn chun eolas a chur ar fáil d'Athbhreithniú ar Phlean Forbartha na Cathrach
- Rolladh amach próiseas réamhphleanála nua chun soláthar cruinnithe réamhphleanála breise a éascú
- An claochlú chuig seirbhísí pleanála digiteacha a chur chun cinn
- Dréacht-Scéim Ranníocaíochta Forbartha Fr 48 a thabhairt chun cinn don Chomhairle chun treoir a thabhairt don scéim nua

### Réadmhaoin & Athghiniúint Uirbeach

- Dréacht-mháistirphlean Cheantar Forbartha agus Athghiniúna Straitéisí (CFAS) San Werburgh a chur chun cinn
- An chéad chéim de bhreiseanna Thaifead na nDéanmhas Cosanta (TDC) agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCA) nua a chur faoi bhráid na Comhairle
- Tuarascáil Bhliantúil maidir le Táscairí Feidhmíochta Cathrach an Phlean Forbartha a chur faoi bhráid na Comhairle
- Tús a chur le Staidéar Miondíola ar lárionaid fho-uirbeacha agus achoimre a ullmhú do Threoir Dearaidh d'fhorbairt chónaithe
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Thionscnamh na Cathrach Beo d'fhonn an scéim a leathnú i gcomhréir le moltaí an Rialtais
- Straitéisí fála agus diúscartha a fhorbairt de réir na Bainistíochta Talún Gníomhaí

- Tús áite a thabhairt do Bhainistíocht Eastáit Chorparáideach phunann réadmhaoine na Comhairle atá léasaithe/ceadúnaithe
- Léarscáil nua Cánach ar Thalamh Chriosaithe Cónaithe (CTCC) a chríochnú do 2026 agus dliteanas CTCC Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhainistiú
- Dul chun cinn le forbairt Chlár Sócmhainní Réadmhaoine Corparáideacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Díriú ar ról Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus é a neartú i ndul i ngleic le dearóiliú trí reachtaíocht agus rannpháirtíocht
- Comhordú a dhéanamh ar chlár an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU) trasna na ranna chun tacú le hailíniú straitéiseach, comhlíonadh agus seachadadh tionscadal athghiniúna atá réidh le húsáid.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar phleanáil tógála agus gníomhachtaithe don tionscadal athghiniúna ar Mhargadh na dTorthaí agus na nGlasraí agus don tionscadal comhdhlúthaithe foirgneamh Mhargaí Uíbh Eachach.

## Tascfhórsa Lár na Cathrach

- Aonad Bainistíochta Tionscadail bunaithe laistigh d'Oifig Comhordúcháin na Cathrach chun díriú ar phríomhghnéithe de Phlean Thascfhórsa Lár na Cathrach an Taoisigh 2024
- Feithicil Shainchuspóireach a chruthú chun díriú ar ghnéithe spásúla, eacnamaíocha agus athghiniúna de Phlean Thascfhórsa Lár na Cathrach
- Críoch a chur leis na gnéithe fágtha den straitéis, Tabhair Grá do na Sráideanna, agus leanúint leis an bpróiseas a bhaineann le príomhthionscadail a chur i gcrích laistigh de phlean athshamhlaithe Bhaile Átha Cliath 1

## Forbairt Eacnamaíoch agus Oifig Fiontair Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath

- Straitéis Físe Branda Áite Bhaile Átha Cliath a fhoilsiú agus a chur chun feidhme
- Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar réigiún mealltach chun cónaí ann, a bheith ag obair ann, ag foghlaim ann agus ag infheistiú ann
- Tacú le forbairt Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath agus Bhéal Feirste
- Monatóireacht agus tuairisciú ar Gheilleagar Bhaile Átha Cliath agus eagráin ráithiúla d'Fhaireachán Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath ráithiúil a fhoilsiú
- Nuálaíocht an Gheilleagair Chiorclaigh a Chur Chun Cinn
- Aiseolas a bhailiú uathu siúd atá ina gcónaí i mBaile Átha Cliath tríd an Suirbhé - Do Bhaile Átha Cliath, Do Ghuth
- Cúnamh a thabhairt le hathbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Fiontair Réigiún Bhaile Átha Cliath agus na gníomhartha comhaontaithe a chur i bhfeidhm
- Díriú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá sonraithe sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024- 2029
- Plean Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2025- 2029 a fhoilsiú agus a chur chun feidhme

## Forbairt Eacnamaíoch agus Oifig Fiontair Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath (ar lean)

- An Straitéis Turasóireachta 2023 go 2028 a chur i gcrích mar aon le tionscadail agus imeachtaí gaolmhara
- An clár ENFUSE a chur i gcrích i gcomhar le gnóthaí agus le hinstitiúidí tríú leibhéal ar fud Bhaile Átha Cliath
- Dlús a chur le geilleagar sóisialta trí obair an Choiste Fiontair Shóisialta
- Cuspóirí Thionscadal Píolótach an Gheilleagair Oíche a chomhlíonadh agus moltaí athbhreithnithe comhaontaithe a chur i bhfeidhm
- Taighde eacnamaíoch ceannródaíoch a dhéanamh chun tacú le cinnteoireacht agus chun bonn eolais a chur ar fáil do ról beartais bhaill CBS
- Clár bliantúil d'imeachtaí cathrach dinimiciúla agus inrochtana a fhorbairt agus a sheachadadh agus tacú le scannánú i láithreacha cathrach
- Ionad Ilfhreastail a Chur ar Fáil do Thacaíochtaí Fiontair tríd an Oifig Fiontair Áitiúil i gCathair Bhaile Átha Cliath
- Straitéis Rannpháirtíochta an Chláir Eorpaigh 2021 - 2027 a chur chun feidhme trí Oifig Tacaíochta an Chláir Eorpaigh
- Feidhm Chaidrimh Eorpaigh freagrach agus rannpháirteach a sholáthar

# Príomhsheirbhísí

| SEIRBHÍS/CLÁR | PRÍOMHCHUSPÓIR SEIRBHÍSE |
|---|---|
| **SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA** | |
| **Pleanáil Chun Cinn** | • An Chathair a fhorbairt chun freastal ar riachtanais gach uile cónaitheoir, oibrí agus cuairteoir trí straitéis spásúil atá leagtha amach i bPlean Forbairt Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028. Treoraíonn na beartais agus na cuspóirí fás agus forbairt agus soláthraíonn siad straitéis chun pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe a dhéanamh sa chathair. Is í uaillmhian an Phlean an bonneagar sóisialta agus fisiciúil riachtanach a sholáthar chun freastal ar dhaonra cathrach de 655,000 faoi 2031.<br>• Chun tacú leis sin, sainaithnítear sa Phlean roinnt réimsí d'fhorbairt agus d'athghiniúint straitéiseach, réimsí fáis nua agus réimsí tosaíochta eile a éilíonn pleananna sonracha ag leibhéal áitiúil chun forbairt a threorú. |
| **Bainistíocht Forbartha** | • Tagraíonn an Próiseas Bainistíochta Forbartha don phróiseas iarratais phleanála agus is ionann é agus an sásra trína gcuirtear cuspóirí chun feidhme ag leibhéal an phlean ceantair chathrach agus áitiúil.<br>• Feidhmíonn Bainistíocht Forbartha de réir chreat Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá sí á treorú ag pleananna eile, cosúil leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, Criosanna Forbartha Straitéiseacha (CFSanna) agus Pleananna Ceantair Áitiúil mar aon le Treoirlínte Aireachta.<br>• Tá sé mar aidhm ag Bainistíocht Forbartha tairbhe a bhaint as fuinneamh cruthaitheach an phobail forbartha, comhlachtaí cathartha, ailtirí agus an pobal, chun a chinntiú go gcuireann forbairtí nua, mar aon le tionscadail athghiniúna agus chaomhantais, le carachtar fisiciúil uathúil, sláinte eacnamaíoch, agus beocht shóisialta agus chultúrtha Chathair Bhaile Átha Cliath |

| | |
|---|---|
| **Forfheidhmiú Pleanála** | An méid seo a leanas a chinntiú:<br>• Tá an cead pleanála deonaithe á chomhlíonadh ag forbairtí agus déantar an gníomh forfheidhmithe cuí i gcásanna ina raibh forbairt nó ina bhfuil forbairt gan chead nó gur sáraíodh an cead a deonaíodh.<br>• Tá Imeachtaí Ceoil agus Siamsaíochta Allamuigh nach mbaineann le cúrsaí spóirt ceadúnaithe go cuí agus eagraithe ar bhealach comhordaithe agus eagraithe. |
| **Rialú Foirgníochta** | • Rialacháin foirgníochta a fhorfheidhmiú trí chigireachtaí a dhéanamh ar fhoirgnimh nua atá á dtógáil mar aon le foirgnimh a bhfuil síneadh á chur leo nó atá á n-athrú.<br>• Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar Theastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a chinntíonn go bhfuil an timpeallacht thógtha á feabhsú go leanúnach chomh fada is a bhaineann le rochtain d'úsáideoirí uile an fhoirgnimh. |
| **An Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta** | Mar an príomhúdarás áitiúil don Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta (ONRF), chun an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>• Tacú le cultúr comhlíonta laistigh de Rialacháin na dTáirgí Foirgníochta agus Tógála i dtionscal ina bhfuil athruithe ag tarlú go tapa ar theicneolaíocht agus ar phróisis.<br>• Forléargas, tacaíocht agus treoir a sholáthar d'fhorbairt, do chaighdeánú agus do chur chun feidhme na reachtaíochta rialaithe foirgníochta sa stát.<br>• A bheith freagrach as forbairt agus bainistiú an Chórais Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta, an córas riaracháin ar líne do rialú foirgníochta in Éirinn. |
| **FORBAIRT RÉADMHAOINE AGUS ATHGHINIÚINT UIRBEACH** | |
| **Bainistíocht Réadmhaoine** | • Punann éagsúil léasanna a bhainistiú a sholáthraíonn raon úsáidí lena n-áirítear pobal, tráchtáil, cónaithe agus tionscal.<br>• A láithreáin agus foirgnimh féin a chur ar an margadh, a fhorbairt agus a dhiúscairt sa chás go meastar nach bhfuil siad ag teastáil chun freastal ar riachtanais na Comhairle, agus tailte a fháil más gá do ghníomhaíochtaí agus do thionscadail de chuid na Comhairle.<br>• Seirbhísí luachála réadmhaoine a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath. |
| **Bainistíocht Talún Ghníomhach** | • Tailte agus foirgnimh thearcúsáidte, fholmha agus thréigthe sa chathair a dhíothú.<br>• Úsáid a bhaint arís as talamh agus foirgnimh faoi úinéireacht phríobháideach agus faoi úinéireacht na Comhairle, chomh tapa agus is féidir, mar phríomhthosaíocht. San áireamh anseo tá réadmhaoin thréigthe a cheannach chun críche athfhorbartha, Clár na Láithreán Folamh (CLF) agus Tobhach na Láithreán Folamh a bhainistiú, deiseanna fála straitéiseacha a shainaithint, gníomh a dhéanamh faoi reachtaíocht na Láithreán Folamh, agus tacú le Scéim Dreasachta Cánach Thionscnamh na Cathrach Beo. |
| **Aonad Teileachumarsáide** | • A chinntiú go bhfuil gach infheistíocht chaipitil agus tionscadal bonneagar amach anseo oiriúnach don chóras teileachumarsáide.<br>• Infheistíocht teileachumarsáide a spreagadh agus a mhéadú i mBaile Átha Cliath.<br>• Tairbhe a bhaint as an bpoitéinseal nuálaíochta níos ginearálta a bhaineann le gigighiotán agus le nascacht 5G.<br>• Cead a thabhairt chun úsáid níos fearr a bhaint as sócmhainní atá faoi úinéireacht na comhairle cathrach (os cionn agus faoin talamh) don bhonneagar teileachumarsáide trí fheidhmiú mar lárphointe teagmhála don eagraíocht. |

| | |
|---|---|
| **Athghiniúint na Ríochta Poiblí agus Uirbeach** | • Cearnóga poiblí, sráideanna, lánaí agus spásanna comhroinnte eile atá riachtanach do shaol agus d'aitheantas na Cathrach a fheabhsú agus infheistiú iontu, á threorú ag straitéisí ríochta poiblí na Comhairle Cathrach. Tá tionscadail chun an ríocht phoiblí a fheabhsú san áireamh i gClár Caipitil 2024-2026. Chomh maith leis sin, d'éirigh leis an gComhairle Cathrach Maoiniú Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (CAFU) a fháil faoi Thionscadal Éireann 2040 le haghaidh roinnt tionscadal atá san áireamh i gClár Caipitil 2024-2026 freisin. |
| **Caomhnú, Oidhreacht agus Seandálaíocht** | Oidhreacht ailtireachta na Cathrach a chosaint, faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>• Taifead ar Dhéanmhais Chosanta a Choimeád<br>• Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a Ainmniú<br>• Tacaíochtaí a sholáthar do dhéanmhais chosanta atá i mbaol<br>• Séadchomharthaí agus láithreáin seandálaíochta a chosaint<br>• Feasacht ar ailtireacht agus ar oidhreacht ailtireachta na Cathrach a chothabháil trí chláir oideachais, taighde agus cúnamh deontais<br>Déantar cur síos i bPlean Oidhreachta Straitéiseach na Comhairle Cathrach 2024-2029 ar bheartais agus ar chuspóirí na Comhairle i ndáil le hoidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha na cathrach agus dírítear ar chomhoibriú le raon páirtithe leasmhara, ENRanna, forais chultúrtha agus an earnáil acadúil chun tús áite a thabhairt do chur chun feidhme tionscadal oidhreachta. |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Tacú le forbairt eacnamaíoch ina limistéar riaracháin tríd an Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch a chur chun feidhme. Tá an straitéis dírithe ar na nithe seo a leanas:<br>• Rannpháirtíocht sa gheilleagar a chumasú<br>• Tacú le comhfhorbairt áite agus le braislí de ghníomhaíocht eacnamaíoch<br>• Tacú le hinfheistíocht sa chathair<br>• Nuálaíoch agus claochlú fiontar<br>Oibriú i ndlúthchomhar le hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath chun tacú le forbairt eacnamaíoch, réigiún na cathrach a chur chun cinn mar shuíomh mealltach le maireachtáil, le bheith ag obair, le foghlaim agus le hinfheistiú ann, feachtais a reáchtáil agus gníomhartha faoi Phlean Fiontair Réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a chur chun feidhme. Straitéis Turasóireachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2023-2029, an Straitéis Gheilleagair Oíche, Straitéis Branda Bhaile Átha Cliath agus Plean Ceann Scríbe agus Eispéiris Chathair Bhaile Átha Cliath 2025-2030 a chur chun feidhme. |
| **An Oifig Fiontair Áitiúil** | • Chun cuspóirí an Phlean Forbartha Fiontar Áitiúil (PFFÁ) a bhaint amach, lena chinntiú go gcuirtear "Ionad Ilfhreastail" ar fáil d'aon duine atá ag cuardach faisnéise agus tacaíochta maidir le gnó a phleanáil, a thosú, a chothabháil nó a fhorbairt i mBaile Átha Cliath trí Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Chathair Bhaile Átha Cliath, oifig de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirt le Fiontraíocht Éireann.<br>• Tá OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath ag tacú le forbairt fiontair áitiúil, agus tá micreaghnóthaí agus gnóthaí beaga ag croílár an jabchruthúcháin sa chathair. Soláthraíonn OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus oibreacha chun poitéinseal fostaíochta micreaghnóthaí agus gnóthaí beaga atá bunaithe cheana féin a mhéadú trí fhaisnéis, comhairle, oiliúint, meantóireacht, líonrú, seimineáir, dámhachtainí agus tacaíocht airgeadais atá mar bhonn leis an gclaochlú digiteach agus glas, ag bailiú líon na bpost tríd an Suirbhé Fostaíochta bliantúil. |

| | |
|---|---|
| **Caidreamh Idirnáisiúnta agus Eorpach** | • Naisc idirnáisiúnta a théann chun tairbhe na cathrach, a geilleagar, oideachas, acmhainn taighde agus pobail a threorú, a éascú agus a chur chun cinn. Caidreamh déthaobhach idirnáisiúnta idir cathracha atá bunaithe cheana féin a threisiú trí thionscnaimh atá comhthairbheach, agus malairtí cultúrtha, oideachais agus forbartha eacnamaíocha agus machnamh a dhéanamh ar chomhaontuithe nua a fhorbairt. Tá naisc bunaithe le fada ag an gCathair le roinnt comhchathracha cosúil le San José, Barcelona agus Béising agus síníodh comhaontú cairdis le Ramallah le déanaí.<br>• Díriú ar agus páirt a ghlacadh i dtionscadail agus i gcláir le cathracha ar fud an AE áit ar féidir leis an gComhairle comhoibriú le cathracha eile i ndáil le dúshláin chosúla agus aghaidh a thabhairt ar réitigh ar shaincheisteanna de réir aidhmeanna Straitéis Rannpháirtíochta |
| **Oifig Scannán** | • Tá ról ríthábhachtach ag Oifig Scannán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcruthú Bhaile Átha Cliath mar chathair a thacaíonn le léiriú scannán. Cuireann sí seirbhís il-fhreastail ar fáil a chabhraíonn le comhlachtaí léirithe rochtain a fháil ar shuíomhanna éagsúla agus tarraingteach ó thaobh amhairc de, ag tacú leis an ngeilleagar áitiúil trí chaiteachas léiriúcháin, cruthú post agus turasóireacht. Cuireann sí próifíl chultúrtha Bhaile Átha Cliath chun cinn go hidirnáisiúnta freisin, meallann sí infheistíocht, agus tacaíonn sí le tionscadail scannán, teilifíse, tráchtála agus meán cruthaitheach ó Éirinn agus thar lear. Tá tacaíocht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don tionscal closamhairc i gcomhréir le straitéis an rialtais náisiúnta *Ag Infheistiú inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027.* |
| **Imeachtaí** | • An chathair a thabhairt chun beochta agus líon na gcustaiméirí agus gníomhaíocht eacnamaíoch a mhéadú trí imeachtaí a eagrú in áiteanna poiblí.<br>• Tacú le himeachtaí i gCathair Bhaile Átha Cliath agus iad a chur chun cinn agus oibriú i ndlúthpháirt le heagraithe chun a chinntiú go n-eagraítear imeachtaí sa chathair atá éagsúil, spraíúil agus spreagúil.<br>• Deiseanna a chur ar fáil do gach duine chun taitneamh agus tairbhe a bhaint as Baile Átha Cliath i dtimpeallacht atá oiriúnach do theaghlaigh, ionchuimsitheach agus sábháilte. |
| **Oifig Chomhordaithe na Cathrach** | • Chun bainistíocht Troscáin Sráide a chinntiú<br>• Margadh Oíche Bhaile Átha Cliath a fhorbairt<br>• Díriú ar shráideanna na cathrach a ghníomhachtú (Corrthrádáil/ Taibheoirí Sráide) le béim ar leith ar Shráid Uí Chonaill<br>• Leanúint le rannpháirtíocht a dhéanamh le Páirtithe Leasmhara na Cathrach ar Ghrúpa Gníomhaíochta/Athnuachana Shráid Talbot<br>• Ceadanna taibheoirí sráide agus ceadúnais chorrthrádála a eisiúint agus monatóireacht agus forfheidhmiú Fhodhlíthe na dTaibheoirí Sráide 2016 a chinntiú. |

# Táscairí Feidhmíochta Seirbhíse

## PLEANÁIL

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Dul Chun Cinn i ndáil le Pleananna áitiúla le haghaidh (*Bliantúil*)<br>» Droichead Broome - Hamaltún (Baile Bogáin)<br>» Inse Chór/An Choill Mhóir | |
| Líon na gcinntí pleanála ÚÁ a bhí faoi réir achomhairc chuig an mBord Pleanála (ABP) a ndearna an Bord cinneadh ina leith | |
| % na gcinntí déanta ag ABP lena ndeimhnítear an cinneadh a rinne an ÚÁ | |
| Líon na gComhairliúchán Iarratais Réamhphléanála (CRPanna) mar % de gach cinneadh (Bliantúil) | |
| Líon na n-iarratas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (ceadanna pleanála, dearbhuithe Alt 5, DDTSanna) | |
| Líon na CRPanna arna ndéanamh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, gan Forbairtí Cónaithe Mórscála (FCM) a áireamh | |
| Líon CRPanna FCM | |
| Líon tuairimí FCM eisithe | |
| Líon iarratas FCM faighte | |
| Líon cinntí FCM eisithe | |
| % na n-iarratas pleanála a cuireadh isteach ar líne | |
| Líon na ngearán Forfheidhmithe Pleanála a fuarthas | |
| % an athraithe ar líon na ngearán Forfheidhmithe Pleanála a fuarthas | |
| % na ngearán Forfheidhmithe Pleanála a admhaíodh faoi cheann 10 lá oibre | 100% |
| Líon na Litreacha Rabhaidh Forfheidhmithe Pleanála a eisíodh | |
| Líon na bhFógraí Forfheidhmithe Pleanála a seirbheáladh | |
| Líon na nImeachtaí Dlí Forfheidhmithe Pleanála a cuireadh tús leo | |
| Líon na gcomhad Forfheidhmithe Pleanála a dúnadh | |
| Foirgnimh a ndearna Rialú Foirgníochta cigireachta mar chéatadán de na foirgnimh nua fógartha don údarás áitiúil (Bliantúil) | 70% |
| Líon na gcigireachtaí láithreáin Rialaithe Foirgníochta a cuireadh i gcrích | |
| Líon na bhfógraí forfheidhmithe Rialaithe Foirgníochta/ forfheidhmithe foirmiúla eile a seirbheáladh | |
| % na nIarratas ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas cinnte faoi cheann tréimhse ama reachtúil | 100% |
| Líon na gcigireachtaí láithreáin curtha i gcrích ag Rialú Foirgníochta do chomhlíonadh Chuid L | |
| Plean Eacnamaíoch le dul faoi phróiseas Dualgas na hEarnála Poiblí | |

## RÉADMHAOIN AGUS ATHGHINIÚINT UIRBEACH

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Líon na gcigireachtaí ar láithreáin thréigthe a cuireadh i gcrích | |
| Líon na bhFógraí um láithreáin thréigthe seirbheáilte | |
| Líon na réadmhaoine ar Chlár na Láithreán Tréigthe | |
| Líon na n-iarratas a fuarthas faoi Thionscnamh na Cathrach Beo | |
| Líon na n-iarratas a ceadaíodh faoi Thionscnamh na Cathrach Beo | |
| Líon na mBailte a bhfuil soláthraithe bonneagair snáithín ag freastal orthu (Bliantúil) | |
| Líon na gceadúnas Alt 254 eisithe le haghaidh Aeróg Aonpholach | |
| Líon na gComhaontuithe Tráchtála / Dlí a eisíodh le haghaidh:<br>» Suiteálacha Dín Móibíleacha<br>» Aeróg Aonpholach | |
| Líon na Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCAnna) a cuireadh tús leo | |
| Líon na LCAnna a cuireadh i gcrích | |
| Líon na n-iarratas a fuarthas faoi na scéimeanna deontais seo a leanas:<br>» Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha<br>» Ciste na nDéanmhas Stairiúil<br>» Ciste na nDéanmhas Pobail | |

## TASCFHÓRSA LÁR NA CATHRACH

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Líon na dtionscadal a cuireadh tús leo faoi 10 Ghníomh Mhóra Phlean Thascfhórsa Lár na Cathrach | |
| Líon na ngníomhartha a cuireadh i gcrích faoi Phlean an Ghrúpa Gníomhaíochta Athnuachana | |
| Líon na lánaí a athshamhlaíodh trí úsáidí gníomhacha | |
| Líon na nGníomhachtuithe i Lár na Cathrach | **50** |

## FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta le Branda Áite Bhaile Átha Cliath a mhéadú | **50,000** |
| Ceithre Fhaireachán Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath a sheachadadh agus imeacht bliantúil a reáchtáil fad is atá teagmháil á déanamh le níos mó daoine | **4 fhoilseachán agus imeacht bliantúil** |
| An Clár ENFUSE a sheoladh agus a sheachadadh | **Líon na ngnóthaí agus na mac léinn rannpháirteach** |
| Líon na Suirbhéanna Do Bhaile Átha Cliath, Do Ghuth agus líon na bhfreagraí | |
| Líon na ndeontas OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath a bronnadh | **200** |

## FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH (AR LEAN)

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Luach na ndeontas OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath bronnta | €1.9 milliún |
| Líon na rannpháirtithe atá páirteach in imeachtaí oiliúna, meantóireachta agus líonraithe OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath | 3,650 |
| Líon na bpost a cruthaíodh le cúnamh ón OFÁ do gach 100,000 duine (Bliantúil) | 90 |

## BUISÉAD 2026

| CÓD AN BHUISÉID | RANNÁN AGUS SEIRBHÍSÍ | BUISÉAD GLACTHA 2026 |
|---|---|---|
| **Bainistíocht Forbartha** | | |
| D01 | Pleanáil Chun Cinn | €10,337,070 |
| D02 | Bainistíocht Forbartha | €15,273,691 |
| D03 | Forfheidhmiú | €3,716,179 |
| D04 | Saoráidí Tionscail agus Tráchtála | €25,066,624 |
| D06 | Pobal agus Fiontar | €14,105,993 |
| D08 | Rialú Foirgníochta | €8,720,784 |
| D09 | Forbairt agus Cur Chun Cinn Eacnamaíoch | €27,899,615 |
| D10 | Bainistíocht Réadmhaoine | €89,983 |
| D11 | Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais | €4,963,444 |
| H07 | Oibriú Margaí agus Corrthrádáil | €2,989,014 |
| **Rannán Seirbhíse - Iomlán** | | **€113,162,397** |



# Iompar agus Fearann Poiblí

# Iompar agus Fearann Poiblí

## Réimse Fócais: **Soghluaisteacht agus Fearann Phoiblí**

### Sprioc:

***Cathair atá glan, glas, sábháilte, dea-nasctha a chruthú ina bhfuil ríocht phoiblí bhríomhar a mbeidh gach duine in ann taitneamh a bhaint aisti***



## Seirbhíse agus Cuspóirí Straitéiseacha:

- Ceann de na cathracha is glaine san Eoraip a chruthú trí bhainistíocht dramhaíola agus gníomh forfheidhmithe comhshaoil éifeachtach agus nuálach
- An ríocht phoiblí a chothabháil agus a athnuachan chun tacú le gluaiseacht, spásanna poiblí níos taitneamhaí a chruthú a bhaineann go huathúil le Baile Átha Cliath, agus cabhrú lena chinntiú go mbeidh ár gcathair sábháilte agus inrochtana do chách
- Timpeallacht ísealtráchta inrochtana a chur ar fáil sa chathair chun feabhsuithe ar iompar poiblí, ar thaisteal gníomhach agus ar an ríocht phoiblí a chumasú.
- An bealach a mbíonn daoine ag siúl, ag tiomáint agus ag rothaíocht sa chathair a athrú ó bhonn trí Líonra Taistil Ghníomhaigh a chruthú a fheabhsaíonn rochtain, nascacht agus comhtháthú sóisialta do chách
- Aistriú na seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann a chríochnú agus rannpháirtíocht leanúnach a chinntiú chun fás eacnamaíoch na cathrach a éascú

## Príomhthosaíochtaí Seirbhíse i gcomhair 2026:

### Bonneagar agus Cothabháil Bóithre

- Tionscadail Tosaíochta Bonneagair maidir leis an Réimse Poiblí agus Bóithre a sheachadadh i gcomhréir le Clár Caipitil na Comhairle Cathrach do 2025–2027.
- Clár pleanáilte a sheachadadh le haghaidh oibreacha cothabhála bóithre
- Cothabháil agus feabhsú bóithre poiblí agus bonneagar, agus rannchuidiú le feabhsuithe ar an réimse poiblí agus le gluaiseacht fheabhsaithe ar fud na cathrach ag an am céanna

### Bainistíocht agus Rialú Tráchta

- Gluaiseacht shábháilte agus éifeachtúil daoine agus earraí ar fud na cathrach a chinntiú, agus tús áite á thabhairt d’iompar poiblí, do shiúl agus do rothaíocht mar na príomhmhodhanna taistil.
- A chinntiú go bhfuil an réimse poiblí soilsithe go leordhóthanach ar mhaithe le sábháilteacht gach úsáideoir agus leanúint le cur i bhfeidhm an tionscadail uasghrádaithe soilsithe poiblí ar fud na cathrach.

### An Clár Taistil Ghníomhaigh

- An Líonra Taistil Ghníomhaigh a leathnú trí 11 tionscadal tosaíochta a thabhairt chun tógála in 2026, agus an líonra foriomlán a mhéadú faoi 13km nuair a bheidh sé críochnaithe. Tacófar le seachadadh an tionscadail trí bhailiú sonraí ar thionchar scéimeanna taistil ghníomhaigh ar phobail agus ar an gcomhshaol, mar aon le feachtais rannpháirtíochta pobail agus athraithe iompraíochta

### Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramhaíola

- Coinnigh an caighdeán ard a baineadh amach i bplean na Critéar Íosta Molta do Chigireachtaí Comhshaoil (CÍMCC) mar atá á mhonatóiriú ag an GCC
- Spriocanna cigireachta bliantúla sa Phlean Loingsithe Dramhaíola a bhaint amach agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí cáilíochta an aeir chun monatóireacht a dhéanamh ar fheabhsú cháilíocht an aeir i gCathair Bhaile Átha Cliath d'fhonn a léiriú nach sárófar teorainneacha treoirlínte an EDS maidir le Dé-ocsaíd Nítrigine faoi 2030
- Plean Bainistíochta Bruscair nua a chríochnú agus a fhoilsiú do 2026-2028 (le dul faoi phróiseas Dualgais na hEarnála Poiblí)

## Príomhsheirbhísí

| SEIRBHÍS/CLÁR | PRÍOMHCHUSPÓIR SEIRBHÍSE |
|---|---|
| **BONNEAGAR AGUS COTHABHÁIL BÓITHRE** | |
| Cothabháil agus Feabhsú Bóithre | • An 1,240 ciliméadar de bhóithre agus de shráideanna poiblí ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath a chothabháil agus a fheabhsú, mar aon leis na cosbhealaí, droichid agus struchtúir ghaolmhara eile. Cabhraíonn obair Rannán na Seirbhísí Cothabhála Bóithre chun an ríocht phoiblí a fheabhsú agus chun gluaiseacht ar fud na cathrach a éascú. |
| Dearadh agus Tógáil Bóithre agus na Ríocht Poiblí | • Ríocht phoiblí Bhaile Átha Cliath a fheabhsú trí Chlár Caipitil na Comhairle Cathrach, ina leagtar amach raon tionscadal dearaidh agus tógála atá le seachadadh sa tréimhse idir 2024-2026. Áirítear leis sin tionscadail bóthair agus riocht poiblí a fheabhsóidh mealltacht na Cathrach agus nascacht bóithre go suntasach.<br>• I measc na dtionscadal a bhfuil sé mar aidhm ag an roinn a chur i bhfeidhm sa tréimhse seo tá Scéim Réimse Poiblí Shráid an Diúc-Sráid Anna Theas, Scéim Réimse Poiblí Shráid na Mí, Droichead Oscailte Iompair Phoiblí na Dothra, Uasghrádú ar Bhóthar Sheáin Uí Mhóra, Faiche an Choláiste a leathnú, Droichead an Phointe, Droichead Shráid Fhoirbis, Scéim Réimse Poiblí Shráid Chathail Brugha agus Scéim Réimse Poiblí Eachlann Orwell-Páirc Herzog. |
| **BAINISTÍOCHT AGUS RIALÚ TRÁCHTA** | |
| Bainistíocht agus Rialú Tráchta | • Gluaiseacht shábháilte, éifeachtach agus éifeachtúil daoine agus earraí i mBaile Átha Cliath a sheachadadh, agus a chinntiú go ndéileáiltear go sonrach le riachtanais úsáideoirí bóithre leochaileacha.<br>• Déanfar an méid sin trí úsáid a bhaint as córas rialaithe tráchta na Comhairle Cathrach a cheadaíonn monatóireacht agus oibriú tráchta sábháilte ar fud na Cathrach ar bhonn 24/7. Chomh maith leis sin, cinntítear sábháilteacht ar bhóithre agus sruth tráchta trí bhóithre, lánaí rothar agus lánaí bus a choinneáil saor ó fheithiclí atá páirceáilte go mídhleathach, rialú agus ceadú oibreacha bóthair, agus cothabháil agus bainistiú a bheith á dhéanamh ag an gComhairle cathrach ar bhonneagar tráchta shráideanna agus shiúlbhealaí na Cathrach. |

| | |
|---|---|
| **Beartas agus Tionscadail Iompair** | • Fís na Comhairle do lár cathrach ísealtráchta a chomhlíonadh trí thús áite a thabhairt d'iompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar atá leagtha amach i bPlean Iompair Lár na Cathrach.<br>• Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann agus Iarnród Éireann ar thionscadail iompair agus tráchta straitéiseacha, cosúil le Bus Connects, Luas agus an Meitreo Thuaidh, chun an sprioc seo a chomhlíonadh. |
| **Beartas agus Forfheidhmiú Páirceála** | • Brú tráchta agus bacainní bóthair a laghdú chun líon agus úsáid na spásanna páirceála atá ar fáil d'úsáid chónaithe agus tráchtála a rialú tríd an mbeartas agus na fodhlíthe a rialaíonn páirceáil sa chathair a fhorbairt agus a chur chun feidhme. San áireamh sa tseirbhís seo tá scéimeanna páirceála agus taispeána, scéimeanna páirceála cónaithe, páirceáil inrochtana agus do ghluaisrothair agus seirbhísí clampála. |
| **Soilsiú Poiblí** | • Seirbhís ar fud na cathrach a chur ar fáil agus a chinntiú go bhfuil thart ar 47,000 solas sráide ar fud na cathrach ag obair. San áireamh san obair sin tá cúram agus cothabháil ghinearálta an bhonneagair soilse, patróil oíche chun cigireacht a dhéanamh ar lochtanna, obair dheisiúcháin ar lochtanna agus iarratais seirbhíse ón bpobal a fhreagairt.<br>• Lorg carbóin na Comhairle a laghdú agus cur go suntasach le spriocanna aistrithe ghlais na Comhairle trí leanúint ar aghaidh le Mórthionscadal Uasghrádaithe LED Soilsithe Phoiblí a chur chun feidhme. San áireamh tá 40,000 fearas solais a uasghrádú le LEDanna atá tíosach ar fhuinneamh. Tógfaidh sé 8 mbliana an tionscadal a chur i gcrích agus beidh coigilt fuinnimh sa bhreis ar 50% dá bharr. |

## AN CLÁR TAISTIL GHNÍOMHAIGH

- Nascacht agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a bhaineann le hiompar a laghdú trí líonra de bhonneagar siúil agus rothaíochta a chruthú.
- Méadófar an Líonra Taistil Ghníomhaigh ó 30 ciliméadar go dtí líonra nasctha de 314 ciliméadar, agus tairgfear bealach níos sábháilte, níos ionchuimsithigh agus níos inbhuanaithe gluaiseachta mórthimpeall na cathrach. Trí na hathruithe seo a chur chun feidhme tá mar aidhm freisin cáilíocht saoil daoine a fheabhsú trína chinntiú go bhfuil sé níos éasca rogha a dhéanamh idir a bheith ag siúl, ag tiomáint nó ag rothaíocht níos minice.
- I rith thréimhse an phlean uaillmhianaigh seo, tá sé beartaithe ag Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh an líonra a fhorbairt agus an pobal a spreagadh, eolas a roinnt leis an bpobal agus é a chumasú chun páirt a ghlacadh in agus chun an líonra a úsáid.

## BAINISTÍOCHT AGUS FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA

| | |
|---|---|
| **Glanadh Sráideanna** | • Seirbhís Glantacháin Sráide a chur ar fáil lena n-áirítear glanadh sráide, seirbhísiú agus cothabháil thart ar 3,500 bosca bruscair agus bailiú thart ar 17,000 tonna de ghlanadh sráide agus dramhaíl boscaí bruscair gach bliain.<br>• Dumpáil mhídhleathach a bhaint, a imscrúdú agus forfheidhmiú i ndáil lena leithéid a dhéanamh de réir fodhlíthe agus reachtaíocht ábhartha.<br>• Is seirbhís fhrithghníomhach bunaithe ar iarratais ar sheirbhísí do chustaiméirí chun cigireacht a dhéanamh ar fheithiclí a mheastar atá tréigthe í cigireacht a dhéanamh ar agus feithiclí tréigthe a bhaint.<br>• Freagairt d'iarratais glanta sráideanna agus d'iarratais dumpála mídhleathaí.<br>• Ríocht phoiblí ghlan a chur chun cinn agus a chothabháil.<br>• Baill foirne agus maoir bhreise a earcú agus príomhlimistéar glantacháin 24 uair an chloig lár na cathrach a mhéadú. |

| BAINISTÍOCHT AGUS FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA(AR LEAN) | |
|---|---|
| **Feasacht ar Athchúrsáil agus Saoráidí Athchúrsála** | • Saoráidí athchúrsála a chur ar fáil ar fud na cathrach lena n-áirítear líonra de 84 banc buidéil ghloine, 50 suíomh banc teicstíle, 8 n-ionad fág anseo pobail (a bhfuil cúig cheann díobh ag glacadh le dramhaíl ghlas), agus 3 ionad athchúrsála atá lonnaithe i mBaile Munna, An Rinn agus An Trá Thuaidh.<br>• Tacú le tionscnaimh múscailte feasachta ag leibhéal pobail agus i scoileanna ar fud na Cathrach. |
| **Bainistíocht Bruscair** | • Plean Bainistíochta Bruscair a ullmhú agus a chur chun feidhme.<br>• Reachtaíocht agus fodhlíthe truaillithe ó bhruscar a chur chun feidhme sa chathair.<br>• Seirbhís Maoir Bhruscair a reáchtáil, tionscnaimh a rith a bhfuil sé mar aidhm leo salú ag madraí a chomhrac, cláir oideachais agus feasachta maidir le bruscair a fhorbairt, agus tionscadail agus tionscnaimh a reáchtáil a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil le saincheisteanna sonracha cosúil le gabhdáin chun dramhaíl a bhailiú i limistéir ainmnithe do mhálaí.<br>• Trealamh a chur ar fáil do ghlantachán pobail pleanáilte mar fhreagairt d'iarratais ó ionadaithe pobail áitiúla, bailiú agus diúscairt bruscair eagraithe ag Oifigí Ceantair agus ag Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola. |
| **Aerthruailliú agus Truailliú Torainn** | • Monatóireacht agus rialú aerthruaillithe, truaillithe torainn agus truaillithe uisce de réir Rialacháin an AE. Cuimsítear anseo forfheidhmiú rialaithe truaillithe torainn agus aerthruaillithe comhshaoil agus rialú na reachtaíochta a bhaineann le Comhdhúl Orgánach Soghalaithe. |
| **Rialacháin agus Forfheidhmiú Dramhaíola** | • Monatóireacht agus cigireacht ar rialacháin dramhaíola a bheith á gcomhlíonadh a thionscnamh agus gníomh forfheidhmithe a dhéanamh faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola i ndáil le comhlíonadh a bheith á shárú. Pléann an Chomhairle cúrsaí leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus tuairiscíonn sí do GCC maidir le gach gníomhaíocht de réir Phlean Bliantúil na gCritéar Íosta Molta do Chigireachtaí Comhshaoil (CÍMCC). |
| **Loingsiú Trasteorann Náisiúnta ar Dhramhaíl** | • Dualgais agus freagrachtaí a chomhlíonadh mar an tÚdáras Inniúil náisiúnta do chur chun feidhme Rialacháin (Loingsiú ar Dhramhaíl Ghuaiseach Laistigh d'Éirinn Amháin) an AE, 2011, don dramhaíl uile iompórtáilte, easpórtáilte nó ag taisteal tríd an Stát. Chomh maith leis sin, is ionann an Oifig Náisiúnta um Loingsiú Trasteorann (ONLT) agus an t-ionadaí náisiúnta ag Líonra an AE um Chur i nGníomh agus um Fhorfheidhmiú Dhlí na Timpeallachta (CFDT). |
| **Oifig Réigiún Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre** | • Tá 12 chomhúdarás áitiúla i Réigiún Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre, réigiún a shíneann ó Bhaile Átha Cliath san oirthear, Lú sa tuaisceart agus Cill Mhantáin ó dheas. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an príomhúdarás laistigh den Réigiún atá ag feidhmiú thar ceann na n-údarás eile agus atá freagrach as Oifig Réigiún Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre (ORDOLT). Tá foireann na hOifige freagrach as an bPlean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola a ullmhú agus as comhordú agus comhairle a chur ar údaráis áitiúla aonair maidir le cur chun feidhme an Phlean. Tacaíonn an Oifig le gníomhartha dramhaíola ardleibhéil a bhaineann le cosc, athúsáid, éifeachtúlacht acmhainní agus athchúrsáil. |

| | |
|---|---|
| **Údarás Áitiúil Réigiún Forfheidhmithe Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre** | • Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola (PÚRFD) do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Ina ról mar PÚRFD, tá an Chomhairle Cathrach freagrach as gníomhartha forfheidhmithe dramhaíola laistigh den réigiún a chomhordú, tosaíochtaí agus cuspóirí coiteanna d'fhorfheidhmiú dramhaíola a shonrú, agus forfheidhmiú comhsheasmhach reachtaíochta dramhaíola a chinntiú agus cur chuige comhsheasmhach maidir le tosaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola náisiúnta. Tá na foirne Bainistíochta Dramhaíola sna húdaráis áitiúla aonair sa réigiún freagrach ar an talamh as sáruithe sonracha ar reachtaíocht dramhaíola. |

# Táscairí Feidhmíochta Seirbhíse

## BÓITHRE AGUS AN RÍOCHT PHOIBLÍ

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Dul chun cinn ar chlár oibre pleanáilte. | **Infheistíocht €18 milliún chun uasghrádú a dhéanamh ar thart ar 14km de charrbhealaí agus 18.4km de chosáin.** |
| Líon iomlán na n-iarratas seirbhíse taifeadta | |
| Líon iomlán na n-iarratas seirbhíse réitithe | |
| Líon iomlán na lochtanna taifeadta | |
| Líon iomlán na lochtanna deisithe agus/nó oibreacha chun a chinntiú go bhfuil siad sábháilte | |
| % d'iarratais seirbhíse Thosaíocht 1 (gach locht criticiúil) a ndearnadh oibreacha chun a chinntiú go bhfuil siad sábháilte agus/nó a deisíodh faoi cheann 24 uair an chloig | |
| Próiseas maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí le cur i gcrích ar Mháistirphlean na Ríochta Poiblí | |

## TRÁCHT

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Líon na n-iarratas seirbhíse faighte ag an nGrúpa Comhairleach Tráchta (GCT) | |
| % na n-iarratas seirbhíse GCT a ndearnadh cinneadh ina leith faoi cheann 4 mhí ó iarratas a fháil (ag céim 4/5) | **30%** |
| % Deisiú lochtanna ag Comharthaí Tráchta faoi cheann 5 uair an chloig i ndiaidh fógra faoin locht a fháil | **100%** |
| % Deisiú lochtanna neamhphráinneacha laistigh de 24 uair an chloig | **100%** |
| Líon na rothaithe agus na gcoisithe ag pointí comhairimh (de réir an chomhairimh tródaim) | |
| Líon paisinéirí ar iompar poiblí (de réir an chomhairimh tródaim) | |
| Bearta Phlean Iompair Lár na Cathrach curtha chun feidhme | **Dhá bheart bhreise curtha chun feidhme** |
| % na bhfeithiclí díchlampáilte faoi cheann 1 uair an chloig i ndiaidh íocaíocht a dhéanamh | **85%** |

## TRÁCHT (AR LEAN)

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| % na bhfeithiclí díchlampáilte faoi cheann 2 uair an chloig i ndiaidh íocaíocht a dhéanamh | 100% |
| % na n-achomharc céadchéime curtha i gcrích faoi cheann 21 lá | 100% |
| % na n-achomharc céadchéime aisíoctha de bhrí go bhfuil an t-am caite | 0% |
| Dul chun cinn maidir le tionscadail Busconnects, Metrolink, Luas agus Dart + | |
| % na n-áitreabh gníomhach ábhartha atá cláraithe faoi láthair i gcóras Ceada FET nua(Bliantúil) | 100% |
| % na FETanna 5+ acastóir a theastaíonn le haghaidh seirbhísí sa chathair (Bliantúil) | 100% |
| Dul chun cinn i ndáil le hoibríochtaí an chórais Cheada FET nua trí thuairisciú feabhsaithe (Bliantúil) | |
| Feachtas cumarsáide rathúil do leanúnachas gnó (Bliantúil) | Críochnaithe |
| Líon iomlán na lochtanna tuairiscithe maidir le Soilsiú Poiblí | |
| % na lochtanna maidir le Soilsiú Poiblí tionscanta ag baill den phobal freagartha faoi cheann 5 lá oibre | 75% |
| % an deisiúcháin soilsithe poiblí eile curtha i gcrích faoi cheann 10 lá oibre | 75% |
| Céatadán den chóras Soilsithe Poiblí iomlán atá léirithe ag soilse LED (NSI E6(c), tuairiscithe go bliantúil) | |

## OIFIG AN CHLÁIR TAISTIL GHNÍOMHAIGH

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Raonta rothar - ciliméadar iomlán críochnaithe | 5km |
| Raonta rothar - ciliméadar iomlán á thógáil | 13km |
| Raonta rothar - ciliméadar iomlán á dhearadh | 50km |
| Líon na ngníomhaíochtaí múscailte feasachta poiblí maidir le Taisteal Gníomhach | 45 |

## BAINISTÍOCHT AGUS FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Tonnáiste ábhair bailithe:<br>• Teicstílí<br>• Meascán Tirim<br>• Tonnáiste Gloine<br>• Ábhair athchúrsála ó ionaid fóntas poiblí<br>• Cainníochtaí Glantacháin Pobail | |
| Cathaoirleacht déanta ar Ghrúpa Freagartha na Samhna | |
| % de Bhailiúcháin ghlantacháin málaí pobail déanta faoi cheann 3 lá i ndiaidh iarratas a fháil | |
| Líon na scoileanna atá páirteach i dtionscnamh na Scoileanna Glasa | |
| Líon na n-iontrálacha chuig Scéim Comharsanachta na Cathrach | |
| Líon na n-ainmniúchán do Ghradaim Mórtas Ceantair | |

## BAINISTÍOCHT AGUS FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA (AR LEAN)

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Líon iomlán na n-iarratas ar chothabháil boscaí bruscair faighte i rith na tréimhse | |
| % de chothabháil boscaí bruscair réitithe faoi cheann tréimhse ama (24 uair an chloig) | |
| Líon iomlán na dtuairiscí a fuarthas maidir le feithiclí tréigthe | |
| % na dtuairiscí ar cinneadh ina leith nach feithiclí tréigthe a bhí i gceist i ndiaidh cigireacht a dhéanamh | |
| Torthaí chlár ghrádaithe sráide na Roinne Bainistíochta Dramhaíola | |
| Líon na dtonaí de dhramhaíl teaghlaigh dumpáilte go mídhleathach bainte ag an gComhairle Cathrach | |
| An costas a bhaineann le dramhaíl teaghlaigh dumpáilte go mídhleathach a bhaint, saothar, flít agus diúscairt san áireamh | |
| Líon iomlán na dtuairiscí de dhumpáil mhídhleathach faighte | |
| % na dtuairiscí de dhumpáil mhídhleathach réitithe faoi cheann tréimhse ama (24 uair an chloig) | |
| Líon na ngníomhartha forfheidhmithe a cuireadh i gcrích | |
| Méadú iomlán ar phríomhlimistéar glantacháin 24 uair an chloig Lár na Cathrach | |
| Líon iomlán na gcásanna truaillithe aeir agus torainn ar cás gearáin a bhí iontu | |
| Líon iomlán na gcásanna truaillithe aeir agus torainn a dúnadh (90% de na cásanna dúnta gach bliain) | |
| Líon iomlán na gcásanna truaillithe aeir agus torainn ar láimh | |
| % na ngléasanna monatóireachta cáilíochta aeir a bhfuil ráta gabhála sonraí de 90% ar a laghad luaite leo | 100% |



## BAINISTÍOCHT AGUS FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA (AR LEAN)

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Suíomh gréasáin Aeir agus Torainn Chathair Bhaile Átha Cliath a uasghrádú chun suíomhanna monatóireachta nua a chur san áireamh, a chinntiú go bhfuil sonraí ar fáil go héasca agus eolas a roinnt leis an bpobal chun feasacht ar shaincheisteanna aerthruaillithe agus truaillithe torainn a mhúscailt. | |
| Na spriocanna Cigireachta atá le fáil bPlean na gCritéar Íosta Molta do Chigireachtaí Comhshaoil (CÍMCC) a chomhlíonadh | |
| Tomhas dámhachtana 'ardleibhéil' a chothabháil i ndáil le tomhas i gCreat Feidhmíochta ÚÁ GCC | **Scór den scoth/láidir a fháil i ngach catagóir** |
| Líon na bhFeachtas Feasachta Náisiúnta (*Bliantúil*) | |
| Líon na bhFeachtas Feasachta Náisiúnta (*Bliantúil*) | |
| Foilsiú na tuarascála srutha dramhaíola (*Bliantúil*) | **100%** |
| % an leithdháilte caiteachais ar an gClár Feabhsúcháin Líonta Talún Stairiúil (*Bliantúil*) | |
| Plean Oibre Feidhmithe Bliantúil curtha i gcrích (*Bliantúil*) | |
| Líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích | |
| Líon na gcigireachtaí láithreáin i gceantar na Comhairle Cathrach | |
| Líon na gcigireachtaí láithreáin i gceantar an Phríomhúdaráis Réigiúnaigh Forfheidhmithe Dramhaíola (PÚRFD) | |
| Nuashonrú ar 'chásanna áirithe' (i.e. cásanna atreoraithe ag údarás áitiúil chuig PÚRFD chun críche gníomhaíochta) ar láimh i gceantar na Comhairle Cathrach | |
| Nuashonrú ar 'chásanna áirithe' ar láimh i gceantar PÚRFD | |
| Nuashonrú ar ghníomhartha forfheidhmithe curtha i gcrích i ndáil le sealbhóirí ceada bailithe dramhaíola teaghlaigh i gceantar na Comhairle Cathrach | |
| Nuashonrú ar ghníomhartha forfheidhmithe curtha i gcrích i ndáil le sealbhóirí ceada bailithe dramhaíola teaghlaigh i gceantar PÚRFD | |
| Plean Bainistíochta Bruscair do 2026-2028 le dul faoi phróiseas Dualgais na hEarnála Poiblí | |



# Aeráid agus Acmhainneacht Uirbeach

# Aeráid agus Acmhainneacht Uirbeach

## Réimse Fócais: **Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Athléimneacht Uirbeach**

### Sprioc:

***Aistriú Bhaile Átha Cliath, agus a phobail, chuig todhchaí shláintiúil, ísealcharbóin agus aeráid-díonach a threorú agus tacú lena leithéid.***



# Príomhréimsí Seirbhíse agus Cuspóirí Straitéiseacha:

- An iarracht chomhoibríoch a threorú chun tacú leis an athrú córasach agus iompraíochta a theastaíonn chun ár spriocanna aeráide a chomhlíonadh
- Astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú go suntasach in oibríochtaí na Comhairle Cathrach
- Athléimneacht agus acmhainn Bhaile Átha Cliath a threisiú chun tionchair aithnide agus anaithnide an athraithe aeráide a chosc, dul in oiriúint dóibh agus teacht slán ina ndiaidh
- Córais draenála uisce dromchla agus dobharlaigh na cathrach a bhainistiú
- Obair a dhéanamh chun timpeallacht na cathrach a fheabhsú, lena n-áirítear cáilíocht an aeir
- An fhreagairt agus an ullmhacht éigeandála a chothabháil agus a fheabhsú agus daoine a chumhachtú chun fanacht sábháilte sa bhaile agus in ionaid ghnó

# Príomhthosaíochtaí Seirbhíse i gcomhair 2026:

## Uisce

- Scoirfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de gach ról i Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce a aistreofar go hiomlán chuig Uisce Éireann faoi mhí na Nollag 2026

## Gníomhaíocht ar son na hAeráide

- Tionscadal Píolótach na gCathracha Glan-nialasacha, BUILD CAPACITIES, a sheachadadh i dteannta le Cathair Chorcaí
- An Chéad Dúshlán a chur i gcrích agus tús a chur le dúshláin nua
  - » 1 – Gluaiseacht Leanaí Tríd an gCathair
  - » 2 - Aeráid agus Sláinte
- Dlús a chur leis an aistriú chuig neodracht aeráide trí chomhpháirtíochtaí nua do Chonradh Cathrach Aeráide
- Terrain-AI a úsáid chun teacht ar thuiscint mhaith ar thionchair an athraithe aeráide ar astaíochtaí
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath rochtain a fháil ar mhaoiniú AE le haghaidh seachadadh tionscadal caipitil a bhaineann leis an aeráid

## Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (BDBÁC)

- Cinntigh go ndéanfar athlonnú réidh agus éifeachtúil ar lóistíocht, siopaí agus oibriú garáiste DFB chun tacú le leanúnachas seachadta seirbhíse agus chun éifeachtúlacht oibríochtúil fhoriomlán a fheabhsú
- Dlús a chur le céimeanna pleanála, deartha agus forbartha Stáisiún Dóiteáin nua ar Bhóthar Ailf Uí Bhroin

- Dul chun cinn a dhéanamh ar rolladh amach agus ar mheasúnuithe thionscadal faisnéise eagraíochtúla BDBÁC chun cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí a neartú agus éifeachtacht eagraíochtúil a fheabhsú.
- Maoirseacht a dhéanamh ar an uasghrádú agus aistriú chuig córas nua Seachadta Ríomhchuidithe (SRC) do gach glao dóiteáin in Ionad Cumarsáide Réigiún an Oirthir
- Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar fisiciúil BDBÁC chun a chinntiú go mbeidh saoráidí leasa stáisiúin oiriúnacha agus iomchuí á gcur ar fáil do gach inscne
- Cuir gné for-rochtana san áireamh i ngach feachtas earcaíochta BDBÁC chun éagsúlacht, cuimsiú agus rannpháirtíocht mhéadaithe ó phobail mhionlaigh atá faoi mhíbhuntáiste a chur chun cinn

## Príomhsheirbhísí

| SEIRBHÍS/CLÁR | PRÍOMHCHUSPÓIR SEIRBHÍSE |
|---|---|
| **SEIRBHÍSÍ UISCE DROMCHLA AGUS DRAENÁLA** | |
| **Córais Draenála Inbhuanaithe/ Réitigh Dhúlrabhunaithe** | • A chinntiú go gcuireann forbróirí Réitigh Draenála Inbhuanaithe chun feidhme sa bhonneagar nua ar fad chun beartas áitiúil agus náisiúnta a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, cuirfear na caighdeáin seo i bhfeidhm ar thionscadail iarfheistithe i limistéir ríochta poiblí, faoi réir srianta áirithe. |
| **Bainistíocht Uisce Dromchla agus Teagmhais Tuilte** | • A bheith ullmhaithe do theagmhais tuilte trí fhorbairt leanúnach thart ar 55,000 clais bhóthair atá le fáil sa Chathair agus trí Phlean Éigeandála Tuilte (PÉT) a fhorbairt. Is fophlean den Mhórphlean Éigeandála é PÉT agus forbraíodh é chun cabhrú leis an gComhairle Cathrach chun monatóireacht a dhéanamh ar aimsir a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le rabhadh tuilte agus chun an fhreagairt do theagmhais tuilte a d'fhéadfadh tarlú agus a tharlaíonn a chomhordú. |
| **Cosaint ar Thuilte** | • Dlús a chur le scéimeanna cosanta ar thuilte cósta agus srutha, i gcomhpháirt le ONP, chun an chathair a chosaint ar thuilte agus ar éifeachtaí an athraithe aeráide. |
| **Cothabháil Draenála** | • Deisiú agus cothabháil líonra uisce dromchla a chur ar fáil don chathair, mar aon le cosaint ar thuilte, cothabháil abhann, lena n-áirítear glanadh agus cigireacht ar chonairí abhann agus rialú truaillithe na n-uiscí snámha, agus suiteáil claiseanna bóthair nua nuair is gá.<br>• Ról ceannaireachta a ghlacadh i ndáil leis an ullmhúchán do theagmhais adhaimsire áit a bhfuil baol tuilte, lena n-áirítear seirbhís chothabhála draenála 24/7 a chur ar fáil i rith a leithéid sin de theagmhais, mar aon le hathbhreithnithe agus gníomhartha a chur i gcrích i ndiaidh na dteagmhas.<br>• Acmhainn Bhaile Átha Cliath chun tionchair an athraithe aeráide a chosc agus dul in oiriúint dóibh a threisiú |
| **Cosaint na nDobharlach** | • Timpeallacht na Cathrach a fheabhsú trí mhonatóireacht agus tuairisciú ar cháilíocht uisce abhann agus uisce shnámha agus trí fhreagairt do theagmhais truaillithe agus monatóireacht a dhéanamh ar cheadúnais doirte. Chomh maith leis sin, tá an Chomhairle freagrach as cothabháil abhann, lena n-áirítear cigireacht a dhéanamh ar chonairí abhann agus iad a ghlanadh. |

## SEIRBHÍSÍ UISCE – UISCE ÉIREANN

- Creat an Rialtais maidir le Seachadadh Seirbhísí Uisce Amach Anseo a chur chun feidhme trí Mháistir-Chomhaontú Comhair i dteannta Uisce Éireann. Déantar cur síos ann ar bhainistiú agus ar oibriú Sheirbhísí Uisce na Cathrach agus tagann sé in ionad an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse a bhí in úsáid roimhe sin. Oibreoidh Seirbhísí Uisce na Comhairle Cathrach i dteannta Uisce Éireann chun an comhaontú nua a chur chun feidhme, mar aon leis an gComhaontú Seirbhísí Tacaíochta, faoi réir an mhaoinithe chuí a bheith á chur ar fáil ag Uisce Éireann. Faoi dheireadh 2026, beidh na Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce go léir aistrithe go hiomlán chuig Uisce Éireann.

## GNÍOMHAÍOCHT AR SON NA HAERÁIDE

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht ar son na hAeráide** | • Cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Reachtúil don Athrú Aeráide 2024-2029 a fhorbairt agus a chomhordú, a leabaíonn an t-athrú aeráide i ngach réimse seirbhíse. Éilíonn an plean comhoibriú le comhpháirtithe sa chathair chun na spriocanna uaillmhianacha atá sonraithe a chomhlíonadh.<br>• Tacaíochtaí pobail a sholáthar agus a fheabhsú don ghníomhú ar son na haeráide go háitiúil, do phobail inbhuanaithe agus do mhúscailt feasachta.<br>• Chun dlús a chur leis an aistriú chuig neodracht aeráide tríd an gConradh Cathrach Aeráide (Lipéad Misin Cathracha Cliste agus Neodrachta Aeráide).<br>• Pathfinder, tionscadail AE agus chomhoibríocha a chur chun feidhme le cathracha eile chun dlús a chur lenár spriocanna aeráide agus bealaí nuálacha a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin.<br>• Dlús a chur le héifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh agus fhlít na Comhairle Cathrach.<br>• Rannpháirtíocht a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara chun a chinntiú go dtugtar tús áite do mhaoiniú chun tionscadail a sheachadadh a théann in oiriúint do phríomhrioscaí aeráide agus do bhearta chun riosca agus leochaileacht a laghdú i rith agus i ndiaidh teagmhais aeráide |
| **Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide** | • Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA) Chathair Bhaile Átha Cliath a stiúradh, ceann de cheithre oifig dá leithéid mórthimpeall na tíre a bunaíodh chun rannpháirtíocht a chomhordú ar fud na leibhéal rialtais éagsúil agus chun dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide ag leibhéil réigiúnacha agus áitiúla. Díríonn obair chlár ORGA ar chláir agus ar thionscnaimh oiriúnaithe agus maolaithe aeráide, nuashonrú Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil, cúrsaí oiliúna d'fhoireann an údaráis áitiúil agus do Chomhaltaí Tofa, monatóireacht a dhéanamh ar dheiseanna maoinithe, agus cumarsáid agus múscailt feasachta. |

## BRIOGÁID DÓITEÁIN BHAILE ÁTHA CLIATH

| | |
|---|---|
| **Oibríochtaí Seirbhíse Dóiteáin** | • Seirbhís chomhtháite Dóiteáin, Tarrthála agus Otharchairr Éigeandála a chur ar fáil do Chathair agus do Chontae Bhaile Átha Cliath. Tá an tseirbhís á cur ar fáil ó 12 stáisiún lánaimseartha agus ó 2 stáisiún ar áirithíocht, agus tá breis is 1,000 ball foirne fostaithe. Is paraimhíochaineoirí lánoilte iad na comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha ar fad agus tá cúrsaí oiliúna ag Leibhéal Céadfhreagróra déanta ag na pearsanra ar áirithíocht. |
| **Cosc Dóiteáin** | • Deimhniú Rialaithe Foirgníochta agus Dóiteáin a chur ar fáil agus raon cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh in áitribh thráchtála agus iláitithe. Chomh maith leis sin, tacaíonn an Rannóg seo le sábháilteacht ó dhóiteán trí oideachas agus comhairle. |

| BRIOGÁID DÓITEÁIN BHAILE ÁTHA CLIATH (AR LEAN) | |
|---|---|
| **Cosaint Shibhialta** | • Tacaíocht a chur ar fáil don 4 Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath chun tacú leis an bhfreagairt d'éigeandálaí ag eascairt ón bpobal agus oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh atá leagtha síos ag an Roinn Cosanta. |
| **Tomhas Móréigeandála** | • Éascaíonn Plean Móréigeandála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an fhreagairt do, agus an téarnamh ó, móréigeandálaí agus cinntíonn sé go bhfuil freagairt na Comhairle comhordaithe le príomhghníomhaireachtaí freagartha eile, FSS agus An Garda Síochána.<br>• Cinntíonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ullmhacht do fhreagairt idirghníomhaireachta do mhóréigeandálaí mar thoradh ar theagmhais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, cosúil le dóiteán, teagmhais iompair, teagmhais a bhaineann le substaintí guaiseacha agus teagmhais adhaimsire ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach de réir an Chreata Náisiúnta Bainistíochta Móréigeandála. |

## Táscairí Feidhmíochta Seirbhíse

### UISCE DROMCHLA, TUILTE AGUS DRAENÁIL

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| % den chlár oibre pleanáilte críochnaithe | **12,000 clais gach ráithe** |
| Líon iomlán na n-iarratas glanta claiseanna faighte | |
| % na gclaiseanna a ndearnadh cigireacht orthu faoi cheann tréimhse ama (4/5 lá oibre) | **100%** |
| Plean Éigeandála Tuilte (PÉT) críochnaithe | |
| Líon na ndobharlach a bhfeabhsaíonn / a dtéann a stádas in olcas (tuairiscithe go bliantúil) | **1/0** |
| % de thionscadail na Comhairle Cathrach ina gcuimsítear réitigh dhúlrabhunaithe | **100%** |

### SEIRBHÍSÍ UISCE

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Cloí leis an Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe agus leis na gComhaontú Seirbhísí Tacaíochta (*Bliantúil*) | |

### GNÍOMHAÍOCHT AR SON NA HAERÁIDE

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Tuairisciú ar dhul chun cinn i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta don Athrú Aeráide (PGAA) (Bliantúil) | |
| Líon na n-iarratas incháilithe a fuarthas faoin gCiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide | |
| Líon na n-iarratas a ceadaíodh faoin gCiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide | |

## GNÍOMHAÍOCHT AR SON NA HAERÁIDE (AR LEAN)

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Laghdú 51% ar astaíochtaí ó oibríochtaí agus seachadadh Seirbhíse agus ar Fud na Cathrach | |
| Conradh cathrach aeráide a chur isteach | |
| Líon na bpáirtithe leasmhara a bhfuil conarthaí Chathair Bhaile Átha Cliath á síniú acu (*Bliantúil)* | |
| Tionscadail shonracha a shainaithint atá le seachadadh i rith 2026 (*Bliantúil*) | |
| Dul chun cinn ar chlár oibre Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGÁ) 2026 (Bliantúil) | |
| Aistriú Cóir – Sláinte agus dea-bhail feabhsaithe saoránach bunaithe ar fhianaise ar rochtain ar sheirbhísí riachtanacha (comharsanachtaí 15 nóiméad) agus comhtháthú sóisialta agus fostaíocht feabhsaithe | |

## DÍCHARBÓNÚ AGUS TÉAMH CEANTAIR

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Dul chun cinn i ndáil le ISO 50001 a bhaint amach (Nuashonrú an Bheartais Fuinnimh) | 50% |
| Feabhas ar Éifeachtúlacht Fuinnimh (50% faoi 2030) | 40% |
| Dul chun cinn i ndáil le haisfheistiú fhoirgnimh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Plean 4 bliana Pathfinder) | 10% |

## SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| % na gcásanna, i ndáil le tine, ina bhfuil an chéad freastal ar an láthair faoi cheann 10 nóiméad | IFA* Stáisiúin An-ard <= 8 nóim. (75%)<br>IFA* Stáisiúin Arda / Mheánacha <= 10 nóim. (75%) |
| % na gcásanna, i ndáil le tine, ina bhfuil an freastal ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach faoi cheann 20 nóiméad | IFA* Stáisiúin An-ard 8 - 20 nóim. (80%)<br>IFA* Stáisiúin Arda / Mheánacha 10 - 20 nóim. (97%) |
| % na gcásanna, i ndáil le tine, ina bhfuil an chéad freastal ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad | IFA* Stáisiúin An-ard Níos mó ná 20 nóim. (98%)<br>IFA* Stáisiúin Arda / Mheánacha Níos Mó ná 20 nóim. (95%) |
| % na gcásanna, i ndáil le gach éigeandáil eile, ina bhfuil an chéad freastal ar an láthair faoi cheann 10 nóim | IFA* Stáisiúin An-ard <= 8 nóim. (75%)<br>IFA* Stáisiúin Arda / Mheánacha <= 10 nóim. (75%) |
| % na gcásanna, i ndáil le gach éigeandáil eile, ina bhfuil an freastal ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach faoi cheann 20 nóiméad | IFA* Stáisiúin An-ard 8 - 20 nóim. (80%)<br>IFA* Stáisiúin Arda / Mheánacha 10 - 20 nóim. (97%) |
| % na gcásanna, i ndáil le gach éigeandáil eile, ina bhfuil an chéad freastal ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad | IFA* Stáisiúin An-ard Níos mó ná 20 nóim. (98%)<br>IFA* Stáisiúin Arda / Mheánacha Níos Mó ná 20 nóim. (95%) |

## SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN (AR LEAN)

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| % na n-iarratas a fuair deimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a cinneadh faoi cheann dhá mhí i ndiaidh iad a fháil | 35% |
| % na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas a cinneadh agus tréimhse shínte comhaontaithe leis an iarratas | 45% |
| Líon na n-iarratas a próiseáladh faoi reachtaíocht Substaintí Contúirteacha | |
| Rannpháirtíocht agus teachtaireachtaí sábháilteachta a mhéadú ar chainéil meán sóisialta BDBÁC | |
| Cúltaca a sholáthar do Phríomhghníomhaireachtaí Freagartha sna ceithre Údarás Áitiúla | |
| an CBODT nua a chur i gcrích agus a chothabháil chun Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta a bhainistiú | |
| An fhoireann chuí a sholáthar don oiliúint a theastaíonn chun tacú le freagairt BMÉ | |
| 2 Chleachtadh Móréigeandála Idirghníomhaireachta a reáchtáil | |
| A chinntiú go bhfuil Rialacháin RGMT I.R. 209 2015 á gcothabháil | 100% |
| Pleananna Éigeandála Seachtracha a athbhreithniú agus a thástáil | |
| Líon ainmnithe Cleachtaí Seveseo/ RGMT Idirghníomhaireachta a dhéanamh do 5 Láithreán Uas-sraithe bunaithe ar uainíocht trí bliana **- % comhlíontachta** | 100% |
| Líon ainmnithe Cleachtaí Seveseo/ RGMT Idirghníomhaireachta a dhéanamh do 5 Láithreán Uas-sraithe bunaithe ar uainíocht trí bliana **- líon na gcleachtaí bliain go dáta** | |

**CRC – Catagóiriú Riosca Ceantair*



## BUISÉAD 2026

| CÓD AN BHUISÉID | RANNÁN AGUS SEIRBHÍSÍ | BUISÉAD GLACTHA 2026 |
|---|---|---|
| **Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre** | | |
| B03 | Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú | €12,311,131 |
| B04 | Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú | €48,032,687 |
| B05 | Soilsiú Poiblí | €15,063,904 |
| B06 | Feabhsú Bainistíochta Tráchta | €47,783,961 |
| B08 | Cur Chun Cinn/Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre | €5,791,885 |
| B09 | Áiteanna Páirceála | €16,366,824 |
| B10 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre | €4,981,774 |
| B11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | €12,044,004 |
| **Rannán Seirbhíse - Iomlán** | | **€162,376,170** |
| **Seirbhísí Uisce** | | |
| C01 | Soláthar Uisce | €20,035,158 |
| C02 | Cóireáil Fuíolluisce | €5,422,301 |
| C04 | Leithris Phoiblí | €362,075 |
| C07 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | €4,716,355 |
| C08 | Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta an Údaráis Áitiúil | €23,002,548 |
| **Rannán Seirbhíse - Iomlán** | | **€53,538,437** |
| **Seirbhísí Comhshaoil** | | |
| E01 | Oibriúchán agus Iarchúram Líonta Talún | €7,164,638 |
| E02 | Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála | €6,018,697 |
| E04 | Seirbhísí Dramhaíola agus Bailithe a Sholáthar | €2,081,979 |
| E05 | Bainistíocht Bruscair | €6,091,585 |
| E06 | Glanadh Sráideanna | €66,887,244 |
| E07 | Rialacháin, Monatóireachta agus Forfheidhmiú Dramhaíola | €13,855,605 |
| E08 | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | €3,481,028 |
| E09 | Cothabháil Ionad Adhlactha | €50,000 |
| E11 | Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin | €180,987,039 |
| E12 | Cosc Dóiteáin | €5,043,015 |
| E13 | Cáilíocht Uisce, Aerthruailliú agus Truailliú Torainn | €2,381,657 |
| E14 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | €2,043,225 |
| E15 | An tAthrú Aeráide agus Tuilte | €2,498,719 |
| **Rannán Seirbhíse - Iomlán** | | **€298,584,431** |

# Sprioc Chumasúcháin Traseagraíochta

# Sprioc Chumasúcháin Traseagraíochta

## Sprioc:

***Leanúint ar aghaidh ag neartú ár n-éifeachtachta eagraíochtúla ionas go ndéanfaimid freastal níos fearr ar Bhaile Átha Cliath agus ar a phobail.***



## Cuspóirí Straitéiseacha:

- Díriú ar na gnéithe bunúsacha agus ár seirbhísí riachtanacha, laethúla a chur ar fáil go comhsheasmhach, agus cur le cathair ghlan, ghlas, shábháilte, inchónaithe, inrochtana agus bhríomhar do chách
- Oibriú i gcomhar lena chéile mar Chomhairle Amháin, Foireann Amháin

### Chun na cuspóirí straitéiseacha seo a chomhlíonadh déanfaimid an méid seo a leanas:

- Obair bunaithe ar thacar aontaithe, soiléir de thosaíochtaí comhroinnte
- Dlús a chur lenár dtionscadail chaipitil agus straitéiseacha a sheachadadh
    - » 2026: Leanúint le Clár Forbartha Bainistíochta Tionscadail a chur i bhfeidhm le haghaidh bainistíocht tionscadail chaipitil / bainistíocht punainne do bhaill foirne ar fud na heagraíochta
    - » Tús áite a thabhairt do Chlár Caipitil 2026-2028
- Úsáid a bhaint as bealaí nua, inrochtana agus níos fearr chun cumarsáid a dhéanamh agus chun rannpháirtíocht fhiúntach a dhéanamh le saoránaigh agus lenár mbaill foirne
    - » 2026: Féach Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach
- Breithniú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí digiteacha nua agus atá ag teacht chun cinn chun feabhsuithe agus éifeachtúlachtaí a chinntiú inár seirbhísí agus próisis
    - » 2026: Féach Seirbhísí Corparáideacha agus Claochlú Straitéis um Chlaochlú Digiteach)
- Cur chun feidhme Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a leabú inár straitéisí, cláir agus seirbhísí, agus deiseanna a chruthú ionas gur féidir le gach duine páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí
    - » 2026: Céimeanna Dhualgas na hEarnála Poiblí (DEP) a chur i bhfeidhm agus straitéisí, beartais agus pleananna á bhforbairt nó á n-athbhreithniú de réir Phlean Feidhmithe DEP Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Ról a imirt i ngnóthachtáil Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA faoi 2030 agus baill foirne agus pobail a spreagadh chun gníomh a dhéanamh
    - » Lean le feasacht ar ról na Comhairle Cathrach chomh fada is a bhaineann le SFInna a sheachadadh a mhéadú agus chun gníomh a spreagadh i measc Chomhairleoirí, bhaill foirne agus phobail Chathair Bhaile Átha Cliath a chuirfidh le gealltanais na hÉireann chun na SFInna a chomhlíonadh

# Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Córais Faisnéise agus Claochlú

# Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Córais Faisnéise agus Claochlú

## Réimse Fócais: **Ár nDaoine agus ár mBealaí Oibre**

### Sprioc:

***Ár ndaoine, ár n-áiteanna agus ár mbealaí oibre, ár gcreat rialachais, agus ár dteicneolaíocht a fhorbairt chun go mbeidh an eagraíocht oiriúnach don todhchaí agus seirbhísí den scoth, inrochtana, dírithe ar an saoránach a chur ar fáil***



## Príomhréimsí Seirbhíse agus Cuspóirí Straitéiseacha:

- Muinín as an gComhairle Cathrach a threisiú trí dhea-rialachas, bainistíocht seirbhíse ar ardchaighdeán, cumarsáid réamhghníomhach agus rannpháirtíocht ionchuimsitheach le saoránaigh
- Dlús a chur leis an aistear chun seirbhís dhigiteach atá bunaithe ar an saoránach agus ar shonraí a sheachadadh, agus cultúr de chlaochlú agus d'fheabhsú leanúnach a leabú
- A chinntiú go bhfuil áiteanna oibre agus spásanna oibre na Comhairle Cathrach éifeachtúil ó thaobh carbóin agus deartha chun freastal ar bhealach níos fearr ar riachtanais athraitheacha gach úsáideoir
- Ár seasamh mar rogha fostóra a threisiú, daoine oilte a choinneáil agus a mhealladh, agus ár bhfoireann oibre a fhorbairt ionas go mbeidh na scileanna, an acmhainn agus an tsolúbthacht againn chun freagairt do riachtanais athraitheacha ár n-eagraíochta agus na Cathrach

## Príomhthosaíochtaí Seirbhíse i gcomhair 2026:

### Seirbhísí agus Claochlú Corparáideach

- Gníomhaíochtaí Bhliain 2 a Chur Chun Feidhme, Treochlár na Straitéise Claochlaithe Dhigitigh
- Gníomhaíochtaí Bhliain 2 a Chur Chun Feidhme, Treochlár na Straitéise Cumarsáide
- Straitéis Taithí Chustaiméirí a fhorbairt (le dul faoi phróiseas Dualgais na hEarnála Poiblí)
- Straitéis I.S. a fhorbairt (le dul faoi phróiseas Dualgais na hEarnála Poiblí)

### Acmhainní Daonna

- Céim 2 de chóras nua AD agus párolla a chur chun feidhme, People XD
- Aistriú an Chórais Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta chuig ISO450001
- Athdhearadh agus Feabhsú Seirbhíse 'Earcaíochta agus Ionduchtaithe'
- Claochlú Seirbhísí Uisce a Éascú
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme leanúnach Dhualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí
- Creat Scileanna a Fhorbairt
- Straitéis ar Dhaoine a fhorbairt (le dul faoi phróiseas Dualgas na hEarnála Poiblí)

### Córais Faisnéise

- Síneadh a chur le rialuithe corparáideach agus le timpeallacht shlán in aon réimse nach bhfuil á bhainistiú ag C.F. faoi láthair cosúil le Trácht nó BDBÁC
- Treoir NIS 2 a chur chun feidhme i dtimpeallacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

## Córais Faisnéise (ar lean)

- Ár gcleachtais bainistíochta seirbhíse i Leabharlann an Bhonneagair Teicneolaíochta Faisnéise (LBTF) a athbhreithniú, a fheabhsú agus a leathnú
- Creat Rialachais a chur i bhfeidhm trí Fhoireann Stiúrtha TFC le haghaidh formheasa tionscadail.
- Straitéis Deasc na Todhchaí na Rannóige C.F. a chur i bhfeidhm.

# Príomhsheirbhísí

| SEIRBHÍS/CLÁR | PRÍOMHCHUSPÓIR SEIRBHÍSE |
|---|---|
| **SEIRBHÍSÍ AGUS CLAOCHLÚ CORPARÁIDEACH** | |
| Rialachas Corparáideach agus Cumarsáid | Tacú le rialachas agus le comhleanúnachas eagraíochta mar seo a leanas:<br>• tacú le pleanáil ghnó chorparáideach, bainistíocht riosca agus leanúnachas gnó, próisis rannpháirtíochta le saoránaigh, agus tomhas agus monatóireacht feidhmíochta, agus a leithéid a chomhordú<br>• cumarsáid agus rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú agus tacú le hobair agus le gnóthachtálacha na heagraíochta<br>• úsáid agus infheictheacht na Gaeilge a spreagadh agus a chur chun cinn agus obair réamhghníomhach a dhéanamh chun acmhainn na heagraíochta a fheabhsú chun seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil |
| Claochlú Seirbhíse agus Digiteach | • Eispéireas custaiméirí a fheabhsú agus an tslí a gcuirtear seirbhísí ar fáil don phobal a athrú ó bhonn trí dhearadh seirbhíse, smaointeoireacht deartha agus úsáid a bhaint as teicneolaíocht |
| Cathracha Cliste | • Scrúdú a dhéanamh trí chomhoibriú leis an tionscal, le lucht acadúil agus le saoránaigh ar an bpoitéinseal a bhaineann le teicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn chun seirbhísí na comhairle cathrach a athrú ó bhonn agus chun an cháilíocht saoil a fheabhsú ag leibhéal cathrach agus réigiúnach |
| Seirbhísí do Chustaiméirí | • Feidhmiú mar lárphointe teagmhála do shaoránaigh agus do ghnóthaí chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis faoi raon iomlán seirbhísí na Comhairle, agus chun caighdeán na seirbhíse do chustaiméirí agus eispéiris custaiméirí a fheabhsú ar fud na heagraíochta |
| Sonraí agus Anailísíocht | • Straitéis sonraí na Comhairle a stiúradh agus tionscadail atá bunaithe ar shonraí a chur chun feidhme ionas gur féidir leis an eagraíocht tairbhe a bhaint as na buntáistí agus na deiseanna a bhaineann le húsáid, athúsáid agus comhroinnt sonraí, agus a chinntiú go bhfuil seirbhísí na Comhairle, an cháilíocht saoil agus na torthaí do shaoránaigh á bhfeabhsú trí úsáid a bhaint as an straitéis |
| **BAINISTÍOCHT RÉADMHAOINE CORPARÁIDÍ** | |
| Bainistíocht Oifigí Cathartha agus Saoráidí Corparáideacha | • Tacú le cothabháil foirgneamh corparáideach agus an modh bainistíochta a fheabhsú chun a chinntiú go mbeidh timpeallachtaí oibre oiriúnach don fheidhm, dea-bhainistithe, tíosach ar fhuinneamh agus ar ardchaighdeán ar fáil don fhoireann. Cuimsítear anseo bainistíocht saoráidí laethúla champas na nOifigí Cathartha.<br>• Seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'úsáideoirí uile IOCT agus leanúint ar aghaidh leis na deiseanna claochlaithe a eascraíonn ón tsaoráid nua a leabú agus a fhorbairt. |
| Iosta Oibríochtaí na Cathrach Thuaidh | • Tacú leis an eagraíocht chun ceanglais straitéiseacha, fhadtéarmacha na foirne oibre a shainiú, mar aon le struchtúr, scileanna agus cumas, agus an Chomhairle Cathrach a threisiú mar áit oibre atá ionchuimsitheach agus éagsúil |

| ACMHAINNÍ DAONNA | |
|---|---|
| **Straitéis AD agus Athrú** | • Tacú leis an eagraíocht chun ceanglais straitéiseacha, fhadtéarmacha na foirne oibre a shainiú, mar aon le struchtúr, scileanna agus cumas, agus an Chomhairle Cathrach a threisiú mar áit oibre atá ionchuimsitheach agus éagsúil. |
| **Oibríochtaí AD** | • An Chomhairle Cathrach a chur chun cinn mar rogha fostóra sa chathair, tacú le ranna chun na hacmhainní cuí a chur ar fáil go tráthúil, agus deis a thabhairt d'fhostaithe chun tairbhe a bhaint as cothromaíocht oibre is saoil agus as scéimeanna eile atá ar fáil dóibh |
| **Caidreamh agus Forbairt Fostaithe** | • Deiseanna forbartha a chur ar fáil dár bhfoireann agus caidreamh fostaithe agus tionsclaíoch maith a chinntiú ionas go bhfuil na scileanna, an cumas agus an tsolúbthacht ag ár mbaill foirne chun freagairt go héifeachtúil do riachtanais athraitheacha ár n-eagraíochta agus na cathrach |
| **Sláinte, Sábháilteacht agus Dea-bhail** | • Timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil trí chultúr sábháilteachta, sláinte agus dea-bhaile a fhorbairt sa Chomhairle Cathrach trí struchtúir agus córais sábháilteachta a fheabhsú, oibriú i ndlúthpháirt le gach duine chun a chinntiú go bhfuil reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta á comhlíonadh, tacú le dea-chleachtas agus comhairliúchán le fostaithe a éascú mar aon le rannpháirtíocht i sábháilteacht agus sláinte cheirde. |
| **TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE** | |
| **Córais Faisnéise** | • Teicneolaíocht agus córais TFC fhorchéimnitheacha a sholáthar, a chur chun feidhme agus a fheidhmiú agus tionscadail a rith do cheanglais ghnó chorparáideacha, roinne agus theicniúla.<br>• Seirbhísí TFC ardchaighdeáin a sholáthar i réimsí tionscadal, seirbhísí teicniúla, tacaíochta, ríomhaireachta úsáideoirí deiridh agus slándála.<br>• Teicneolaíocht shlán a sholáthar ar fud Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. |

# Táscairí Feidhmíochta

## SEIRBHÍSÍ AGUS CLAOCHLÚ CORPARÁIDEACH

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| % na nglaonna ar dhéileáil Seirbhísí do Chustaiméirí leo ag an gcéad phointe teagmhála | **65%** |
| % an mhéadaithe ar líon na n-úsáideoirí meán sóisialta atá ag leanúint suíomhanna meán sóisialta corparáideacha na Comhairle Cathrach | |
| % an mhéadaithe per capita ar líon iomlán na n-amharc leathanaigh ar dublincity.ie | |
| % an mhéadaithe ar líon na ndaoine atá ag úsáid engage.dublincity.ie | |
| % na fógraíochta déanta trí Ghaeilge | **Íosmhéid 20%** |
| Straitéis Taithí Custaiméara le dul faoi phróiseas Dualgas na hEarnála Poiblí | **Próiseas DEP críochnaithe agus an straitéis sínithe ag an bhFoireann Ardbhainistíochta** |

## ACMHAINNÍ DAONNA

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Ráta iomlaoide foirne | |
| Líon na laethanta oiliúna a cuireadh ar fáil | |
| Líon na laethanta oiliúna sláinte agus sábháilteachta a cuireadh ar fáil | |
| Plean aistrithe ISO 45001 forbartha | |
| Comhlíonadh Dualgais na hEarnála Poiblí bainte amach | **100%** |
| Straitéis Daoine le dul faoi phróiseas Dualgais na hEarnála Poiblí | |

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Costas an tsoláthair TFC bunaithe ar an gcoibhéis lánaimseartha (*Bliantúil*) | |
| A chinntiú go bhfuil an Cód Caiteachais Phoiblí á chomhlíonadh mar atá ábhartha don Roinn TFC | |
| Costas an tsoláthair TFC mar % de chaiteachas ioncaim (*Bliantúil*) | |
| I.S. Straitéis le dul faoi phróiseas Dualgais na hEarnála Poiblí | |



# An Príomhfheidhmeannach agus Dlí

# An Príomhfheidhmeannach agus Dlí

## Réimse Fócais: **Ceannaireacht dhaonlathach**

### Sprioc:

***Tacú le soláthar éifeachtach agus trédhearcach próiseas daonlathach agus reachtúil trí rialachas láidir agus tacaíocht chinnteoireachta.***



## Príomhréimsí Seirbhíse agus Cuspóirí Straitéiseacha:

- Tacú leis na Comhaltaí Tofa chun a ról a chomhlíonadh i ndáil le hionadaíocht dhaonlathach agus feidhmiú a bhfeidhmeanna forchoimeádta
- Comhlíonadh lenár n-oibleagáidí dlí a chumasú agus tacú leis trí sheirbhísí dlí tráthúla agus praiticiúla a chur ar fáil do gach réimse feidhme den Chomhairle

## Príomhthosaíochtaí Seirbhíse i gcomhair 2026:

- Seachadadh modúil oiliúna cosanta sonraí nua a chríochnú d'fhoireann na Comhairle Cathrach i gcomhpháirt le Seirbhísí Corparáideacha
- Athbhreithniú a dhéanamh ar leathanaigh eolais ar Inlíon na Roinne Dlí

## Príomhsheirbhísí

| SEIRBHÍS/CLÁR | PRÍOMHCHUSPÓIR SEIRBHÍSE |
|---|---|
| **ROINN AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH** | |
| **Riar cruinnithe agus Coistí reachtúla na Comhairle** | • Tacaíocht agus riar rialachais a chur ar fáil don Phríomhfheidhmeannach, don Ardmhéara agus do Chomhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.<br>• An gnó a bhaineann le daonlathas áitiúil a dhéanamh trí Chruinnithe Comhairle, Beartais Chorparáidigh agus Prótacail a riar.<br>• Tacaíocht a thabhairt don Ardmhéara i dTeach an Ardmhéara, agus do Chomhaltaí Tofa i Halla na Cathrach, agus an dá fhoirgneamh a bhainistiú. |
| **Ceart vótála** | • Clár na dToghthóirí a ullmhú agus a fhoilsiú do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus córas cláraithe ar líne Voter.ie a riar do Réigiún Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, is í an Chomhairle Cathrach, trí Roinn an Phríomhfheidhmeannaigh, an príomhúdarás atá freagrach as an gcóras Voter.ie a rolladh amach chuig an 31 údarás áitiúil agus bainistíonn sí an tionscadal náisiúnta seo. |
| **AN RANNÓG DLÍ** | |
| • Comhairle dlí agus seirbhísí dlí a chur ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus do gach roinn sa Chomhairle, i ngach réimse den dlí rialtais áitiúil. A bheith freagrach as gach éileamh i gcoinne na Comhairle Cathrach agus as gach ní a bhaineann le hárachas don Chomhairle.<br>• Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí agus rochtain ar iarratais ar fhaisnéis comhshaoil a bhainistiú. | |

# Táscairí Feidhmíochta Seirbhíse

## ROINN AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Líon na gcruinnithe Comhairle agus Coiste a reáchtáladh | 52 |
| Tairseach Comhairleora nua curtha chun feidhme | |
| Comhlíonadh rialála a chinntiú lena n-áirítear foilsiú tuairisceán eitice agus tabhartas; costais chomhairleora | |
| Comhlíonadh spriocdhátaí reachtúla | |
| Líon na dtoghthóirí a cláraíodh de réir na catagóire (Dáil, Áitiúil, Uachtaránacht AE, Neamh-AE) | |
| Líon na vótálaithe poist agus speisialta de réir na catagóire (Taidhleoirí, Gairm, Óglaigh na hÉireann, Príosúnach, Anaithnid, Teach Altranais, Gardaí, Faoi Mhíchumas) | |
| Líon na n-iarratas a próiseáladh (clárúcháin vótála) | |
| % na ndátaí breithe, UPSP agus Éirchód bailithe | |
| Líon na bhfeachtas cláraithe/ na dtionscnamh cumarsáide a reáchtáladh | |
| Buanorduithe do Chomhairleoirí chun Próiseas maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a Chur i gCrích | |

## AN RANNÓG DLÍ

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Comhairle dlí curtha ar fáil de réir mar is gá (Bliantúil) | |
| Líon na n-iarratas SF a fuarthas | |
| Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha a iarradh | |
| Líon na n-achomharc a cuireadh faoi bhráid an Choimisinéara | |
| Próiseas iarratais ar fhaisnéis phoiblí le dul faoi phróiseas Dualgais na hEarnála Poiblí | Críochnaigh Faoi R4 |



# Airgeadas

# Airgeadas

## Réimse Fócais: **Bonn Airgeadais**

### Sprioc:

***An bonn airgeadais agus an timpeallacht teicneolaíochta a sholáthar a chuireann ar chumas na heagraíochta a seirbhísí a chothabháil, a fhás agus a fheabhsú***



## Príomhréimsí Seirbhíse agus Cuspóirí Straitéiseacha:

- Bonn maoinithe inbhuanaithe, rialachas agus cuntasach airgeadais láidir a sholáthar agus tacú le luach ar airgead inár n-oibríochtaí
- Cur ar chumas na heagraíochta a spriocanna a chomhlíonadh agus tacú le bealaí oibre nua trí thimpeallacht teicneolaíochta atá éifeachtach, slán agus forchéimnitheach a chur ar fáil

## Príomhthosaíochtaí Seirbhíse i gcomhair 2026:

- Feasacht agus comhlíonadh soláthair a fhorbairt agus a sheachadadh ar fud na Comhairle.
- Cár oiliúna bainistíochta airgeadais a dhearadh agus a chur i bhfeidhm do bhainisteoirí agus do shealbhóirí buiséid.
- An tacaíocht a sholáthraíonn acmhainní cuntasaíochta a neartú chun próisis airgeadais agus cinnteoireacht fheabhsaithe ag an mBainistíocht Shinsearach a fheabhsú
- Rátaí a bhailiú ó thart ar 20,000 custaiméir tráchtála agus bailiúchán láidira choinneáil
- Seirbhís mótarchánach éifeachtach a sholáthar thar ceann réigiún Bhaile Átha Cliath agus líon na n-idirbheart a phróiseáiltear ar líne a mhéadú.

## Príomhsheirbhísí

| SEIRBHÍS/CLÁR | PRÍOMHCHUSPÓIR SEIRBHÍSE |
|---|---|
| **AN ROINN AIRGEADAIS** | |
| Bainistíocht Airgeadais | • Maoiniú inbhuanaithe, rialachas airgeadais láidir agus luach ar airgead a sholáthar. Bainfear sé seo amach tríd ár mbainistiú ar an mBuiséad Ioncaim, an Clár Caipitil agus an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil, mar aon leis an maoirseacht a bheidh á déanamh againn ar rialú buiséid, tuairisciú airgeadais, bainistiú cisteáin, cuntais iníoctha agus infhála, tuairisceáin chánach, sócmhainní seasta, párolla, soláthar, rialachas agus comhlíonadh airgeadais, iniúchadh inmheánach agus tuairisceáin airgeadais, reachtúla agus neamhreachtúla éagsúla.<br>• Mar chuid dár misean chun tacú le trédhearcacht agus cuntasacht, cuirimid tuairiscí cuimsitheacha ar staid airgeadais na Comhairle ar fáil don Chomhairle Cathrach gach mí. |
| Riar Rátaí | • Rátaí a bhilleáil agus a bhailiú ó thart ar 20,000 custaiméir ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Is tobhach táille iad rátaí a bhíonn le híoc ag áititheoirí gach réadmhaoin tráchtála agus thionsclaíoch agus tá siad bunaithe ar an luacháil ar gach réadmhaoin faoi Acht Luachála, 2001, arna leasú. Úsáidtear an t-ioncam a ghintear chun íoc as costais laethúla seirbhísí. |
| Mótarcháin | • Seirbhís Mótarchánach éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil don cheithre Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath ag an Oifig i Margadh na Feirme agus cur le líon na n-idirbheart mótarchánach a phróiseáiltear ar líne. |

| SERVICE/PROGRAMME | PRINCIPAL SERVICE OBJECTIVE |
|---|---|
| **SOLÁTHAR** | |
| Soláthar | • Cloí le Treoracha, reachtaíocht agus beartas rialtais AE nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á soláthar.<br>• Tacú le agus comhairle a chur ar ranna maidir lena gceanglais foinsithe, tacú le dea-chleachtas ceannacháin, agus líonra stórtha na Comhairle a bhainistiú. |

# Táscairí Feidhmíochta Seirbhíse

## AIRGEADAS

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC 2026 *(más cuí)* |
|---|---|
| Ráiteas Ciste Áitiúil Mhíosúil a chur faoi bhráid na Comhairle Cathrach | |
| A chinntiú go bhfuil an Cód Caiteachais Phoiblí á chomhlíonadh mar atá ábhartha don Roinn Airgeadais | |
| Buiséad Ioncaim Reachtúil Ceadaithe ag an gComhairle | |
| An Buiséad Caipitil curtha san áireamh ag an gComhairle | |
| % na dtuairisceán curtha faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) | |
| An Ráiteas Airgeadais Bhliantúil (RAB) curtha san áireamh ag an gComhairle | |
| Forchostais mar % den chaiteachas ioncaim (Bliantúil) | |
| % na rátaí tráchtála bailithe (Bliantúil) | 94% |
| % na n-idirbheart curtha i gcrích trí Mhótarcháin ar líne (Bliantúil) | |
| Plean Soláthair Chorparáidigh bunaithe | |



## Buiséad agus Táillí an Phríomhfheidhmeannaigh, Dlí, Airgeadais, Seirbhísí Corparáideacha Acmhainní Daonna, agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Claochlaithe

### BUISÉAD 2026

| CÓD AN BHUISÉID | RANNÁN AGUS SEIRBHÍSÍ | BUISÉAD GLACTHA 2026 |
|---|---|---|
| **Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | |
| H03 | Riar Rátaí | €28,668,515 |
| H04 | Costais Saincheadúnais | €2,955,216 |
| H08 | Damáiste Mailíseach | €111,690 |
| H09 | Ionadaíocht Áitiúil / Ceannaireacht Chathartha | €8,419,760 |
| H10 | Mótarcháin | €6,992,858 |
| H11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | €2,052,919 |
| **Rannán Seirbhíse - Iomlán** | | **€49,200,958** |

### Táille na Bainistíochta Lárnaí

| SEIRBHÍS | |
|---|---|
| Forchostas na hOifige Ceantair | €37,230,554 |
| Forchostas na bhFoirgneamh Corparáideach | €10,638,983 |
| Forchostas Gnóthaí Corparáideacha | €14,294,761 |
| Seirbhísí TF | €5,395,444 |
| Feidhm Seomra Poist | €818,907 |
| Feidhm Acmhainní Daonna | €10,762,619 |
| Forchostas na Feidhme Airgeadais | €9,831,509 |
| An Rannóg Dlí | €5,533,690 |
| **Iomlán** | **€94,506,467** |



## Notes:

## Notes:




Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Ceannoifig, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid,
Bhaile Átha Cliath 8, D08 RF3F, Éire

Head Office, Civic Offices, Wood Quay,
Dublin 8, D08 RF3F, Ireland

+353 1 222 2222
info@dublincity.ie
www.dublincity.ie


**Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2026**

Tá an doiciméad seo ar fáil i cló mór, cló ardchodarsnachta agus braille ar iarratas.